Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13259/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0134 (COD)**

**TRANS 411**
**ENV 937**
**FIN 1144**
**CODEC 1428**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh<br>TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 1999/62/CE, Treoir 1999/37/CE ón gComhairle agus Treoir (AE) 2019/520 a mhéid a bhaineann le haicme astaíochtaí CO2 feithiclí tromshaothair le leantóirí agus lena ndéantar forálacha áirithe a shoiléiriú agus a shimpliú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 589 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 589 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2025
COM(2025) 589 final

2023/0134 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 1999/62/CE, Treoir 1999/37/CE ón gComhairle agus Treoir (AE) 2019/520 a mhéid a bhaineann le haicme astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair le leantóirí agus lena ndéantar forálacha áirithe a shoiléiriú agus a shimpliú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla don Choimisiún Eorpach do 2024-2029[1] go n-eiseodh an Coimisiún tograí chun reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a shimpliú agus a chomhdhlúthú. Luaitear sa Teachtaireacht 'Eoraip níos simplí agus níos tapúla'[2] nach mór an reachtaíocht a bheith éasca a thuiscint agus a chur chun feidhme, í a bheith dréachtaithe go soiléir agus gan débhrí.

Leis an togra leasaithe seo le haghaidh treoir leasaitheach, modhnófaí forálacha áirithe de Threoir 1999/62/CE[3], ina dtagraítear do phíosaí eile de reachtaíocht an Aontais, chun iad a dhéanamh níos soiléire, níos simplí agus níos beaichte.

Ghlac an Coimisiún an togra bunaidh le haghaidh na treorach leasaithí sin (dá ngairtear 'an togra bunaidh' anseo feasta) an 4 Bealtaine 2023[4]. Ba é cuspóir an togra bunaidh rialacha a leagan amach chun éifeacht leantóirí ar astaíochtaí $CO_2$ ó chónaisc feithiclí earraí troma a chur san áireamh i scéimeanna muirearaithe bóthair lena ndéantar idirdhealú idir muirir bhóthair bunaithe ar astaíochtaí $CO_2$ feithiclí. Mhodhnófaí leis freisin forálacha áirithe den Treoir a thagraíonn do reachtaíocht eile de chuid an Aontais chun a soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú.

Rialaítear le Treoir 1999/62/CE forchur dolaí agus muirear ar úsáideoirí as an mbonneagar bóithre a úsáid. Tá an Treoir bunaithe ar an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' agus ar an bprionsabal 'íoc mar a úsáidtear'. Leis an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir', is féidir muirir bhóthair a shocrú bunaithe ar fheidhmíocht chomhshaoil feithiclí, chun athnuachan an fhlít feithiclí a stiúradh ar bhealach a mhaolaíonn tionchair dhiúltacha an iompair de bhóthar ar an gcomhshaol.

Le Treoir (AE) 2022/362[5], leasaíodh Treoir 1999/62/CE trí mhuirearú bóithre de bhun astaíochtaí $CO_2$ feithiclí a chumasú, i measc nithe eile. Leis an gcóras sin, is féidir le hearnáil an iompair de bhóthar rannchuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá roinnt tagairtí sa Treoir do reachtaíocht an Aontais lena rialaítear feidhmíocht astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair (HDVanna). Go sonrach, rialaítear an cás sin san Aontas faoi Rialachán (AE) 2019/1242 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta

---

1 https://commission.europa.eu/document/download/e6cd4328-673c-4e7a-8683-f63ffb2cf648_en?filename=Political%20Guidelines%202024-2029_GA.pdf.

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú', COM(2025)47 final.

3 Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirear a ghearradh ar fheithiclí as bonneagair bhóthair a úsáid (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1999/62/2022-03-24).

4 Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 1999/62/CE, Treoir 1999/37/CE ón gComhairle agus Treoir (AE) 2019/520 a mhéid a bhaineann le haicme astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair le leantóirí

5 Treoir (AE) 2022/362 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir a ghearradh ar fheithiclí as bonneagar áirithe a úsáid (IO L 69, 4.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/362/oj).

maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair[6] agus faoi Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair a chinneadh[7].

Ó glacadh an togra bunaidh, rinne leasuithe a rinneadh le déanaí ar na rialacháin sin difear d'fhorálacha Threoir 1999/62/CE ina dtagraítear do na rialacháin sin. Laghdaigh sé sin an tsoiléireacht dhlíthiúil agus mhéadaigh sé bacainní cur chun feidhme agus riaracháin. Ina theannta sin, tá roinnt forálacha de Threoir 1999/62/CE imithe i léig tar éis an leasaithe ar na rialacháin sin.

Le Rialachán (AE) 2024/1610[8] leasaíodh Rialachán (AE) 2019/1242. Áiríodh leis na príomhathruithe an sainmhíniú ar spriocanna nua laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ go dtí 2040 agus a raon feidhme a leathnú chuig grúpaí feithiclí nua. Ina theannta sin, athraíodh struchtúr bunaidh an Rialacháin sin ionas go ndeachaigh roinnt crostagairtí dó ó Threoir 1999/62/CE agus ón togra bunaidh araon as feidhm. Le Rialachán (AE) 2022/1379 ón gCoimisiún[9] leasaíodh Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún. Ar na modhnuithe, airíodh struchtúr an chomhaid faisnéise custaiméara, is é sin an doiciméad lena sonraítear astaíochtaí $CO_2$ feithiclí nua, a athrú.

Caomhnaíonn an togra leasaithe seo aidhmeanna an togra bunaidh (is é sin a mhéid a bhaineann le héifeacht leantóirí). Ina theannta sin, dhéanfadh sé tagairtí Threoir 1999/62/CE do na rialacháin sin a choigeartú ar dtús chun soiléireacht dhlíthiúil na bhforálacha sin a mhéadú. Ar an dara dul síos, d'áiritheofaí leis go ndeonófaí aga tionscanta leordhóthanach chun na hathruithe ar Rialachán (AE) 2019/1242 a léirítear i dTreoir 1999/62/CE a chur chun feidhme, amhail an leathnú chuig foghrúpaí feithiclí nua[10]. Aireofaí leis ar an tríú dul síos forálacha spriocdhírithe chun a léiriú cén chaoi déileáil le feithiclí áirithe atá cumhdaithe leis na rialacháin sin i gcásanna a d'fhéadfaí léirthuiscint éiginnte teacht as faoi Threoir 1999/62/CE chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú ar fud an Aontais.

Tá an togra seo á chur i láthair bliain amháin tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2024/1610 chun soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart na hathruithe a eascraíonn as an rialachán sin a chur chun feidhme i dTreoir 1999/62/CE. Na hathruithe neamhbheartaithe ar an gconair laghdaithe

[6] Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle, IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj).

[7] Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a chinneadh i gcás feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2400/oj).

[8] Rialachán (AE) 2024/1610 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí nua tromshaothair a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 (IO L, 2024/1610, 6.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1610/oj).

[9] Rialachán (AE) 2022/1379 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2400 a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a chinneadh i gcás leoraithe meánmhéide agus leoraithe troma agus busanna troma agus chun feithiclí leictreacha agus teicneolaíochtaí nua eile a thabhairt isteach (IO L 212, 12.8.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1379/oj).

[10] Féach aithris 29 de Threoir (AE) 2022/362.

astaíochtaí, lena gcinntear aicmiú in aicmí feithiclí maidir le hastaíochtaí $CO_2$, gabhfaidh éifeacht leo ón 1 Iúil 2026[11].

Simplítear leis an togra seo freisin Treoir 1999/62/CE trí na forálacha lena gceadaítear raon feidhme na Treorach a leathnú chun grúpaí feithiclí a chur san áireamh a chumhdaítear cheana le Rialachán (AE) 2017/2400 ach nach gcumhdaítear go fóill le Rialachán (AE) 2019/1242 a scriosadh. Bhí raon feidhme an dá rialachán difriúil ar dtús. Mar sin féin, le Rialachán (AE) 2024/1610, leathnaíodh raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242 sa chaoi go bhfuil sé ag teacht le raon feidhme Rialachán (AE) 2017/2400 anois. Dá bhrí sin, tá forálacha Threoir 1999/62/CE a d'fhág gurbh fhéidir an bhearna idir raon feidhme an dá rialachán sin a dhúnadh imithe i léig agus is féidir iad a scriosadh.

Ar an gcúis chéanna, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2698 ón gCoimisiún[12] a aisghairm nuair a fhoilseofar na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ le haghaidh foghrúpaí feithiclí 1, 2, 3, 11, 12 agus 16 i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242. Go deimhin, na foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo, cumhdaítear iad anois le Rialachán (AE) 2019/1242, agus tá sé beartaithe na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ le haghaidh na bhfoghrúpaí feithiclí sin a fhoilsiú faoin rialachán sin. Luaitear cheana féin i dTreoir 1999/62/CE, a luaithe a fhoilseofar astaíochtaí tagartha $CO_2$ faoi Rialachán (AE) 2019/1242, gur cheart na luachanna sin a úsáid — seachas na luachanna a fhoilsítear faoi Threoir 1999/62/CE.

Cuidíonn an togra seo leis an sprioc a bhaint amach maidir le reachtaíocht an Aontais atá ar ardcháilíocht agus comhsheasmhach a choinneáil ar bun. Tugann sé soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil níos fearr, rud a thugann deis do riaracháin náisiúnta agus do ghnólachtaí tuiscint níos soiléire a fháil ar a gcearta agus ar a n-oibleagáidí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is aidhm don togra seo coigeartú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 1999/62/CE ina bhfuil tagairtí do roinnt rialachán nach raibh soiléir tar éis na rialacháin sin a leasú; agus roinnt forálacha eile atá imithe i léig a bhaint. Tá na hathruithe atá beartaithe (mar aon leis na hathruithe a áirítear sa togra bunaidh) comhsheasmhach le substaint na mbeart a glacadh faoi Threoir (AE) 2022/362.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Baineann an togra seo le tagairtí ó Threoir 1999/62/CE, do Rialachán (AE) 2019/1242 agus do Rialachán (AE) 2022/1379 ón gCoimisiún. Ní mór comhsheasmhacht na gcrostagairtí a áirithiú, agus aird á tabhairt ar athruithe a rinneadh ar na rialacháin sin san am a chuaigh thart agus (a mhéid is féidir) athruithe a dhéanfar orthu amach anseo.

[11] Féach an míniú mionsonraithe ar Airteagal 2(1), pointe (37) thíos.
[12] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2698 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2023 i dtaca le sonraíocht na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$ ó ghrúpaí feithiclí tromshaothair nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle de bhun Threoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2698, 6.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2698/oj).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagal 91 agus Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá le Treoir 1999/62/CE. Baineann an togra seo le muirir bhóthair a fhorchur ar fheithiclí, réimse a bhfuil feidhm ag Airteagal 91(1) CFAE maidir leis. Dá bhrí sin, is é Airteagal 91(1) CFAE bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De bhun Airteagal 4(2)(g) CFAE, is ag an Aontas Eorpach agus na Ballstáit araon atá an inniúlacht chun rialáil a dhéanamh i réimse an iompair. Mar sin féin, ní féidir ach leis an Aontas rialacha an Aontais atá ann cheana a oiriúnú. Is amhlaidh atá i gcás na gcoigeartuithe ar na tagairtí atá i dTreoir 1999/62/CE do phíosaí eile de reachtaíocht an Aontais.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo, dhéanfaí na neamhréireachtaí idir gníomhartha an Aontais a cheartú. Dá bhrí sin, ní rachadh sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is Treoir é an gníomh dlíthiúil a leasófar, agus mar sin ba cheart gníomh leasaitheach a bheith san fhoirm chéanna.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Leis an togra seo, feabhsaítear téacs dlíthiúil gnímh de chuid an Aontais agus caomhnaítear a bhunbhrí ag an am céanna. Dá bhrí sin, ní gá meastóireacht *ex post* a dhéanamh.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bíonn an Coimisiún i dteagmháil go tráthrialta le muirearóirí dolaí agus le soláthraithe seirbhíse dolaí sna Ballstáit. Mar thoradh ar na crostagairtí míchruinne, bíonn deacrachtaí nithiúla ann a phléitear leis na páirtithe leasmhara sin. Tá an Coimisiún ag tacú le páirtithe leasmhara maidir le cur chun feidhme na Treorach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cuirtear san áireamh san anailís a rinne an Coimisiún chun an togra seo a ullmhú an fhaisnéis a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus ó shaineolaithe náisiúnta.

- **Measúnú tionchair**

Chuirfeadh an togra seo feabhas ar théacs dlíthiúil gnímh reachtaigh de chuid an Aontais agus ar a chomhleanúnachas le gníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais ach ní athródh sé beartas. Dá bhrí sin, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Chuideodh an togra seo leis na cuspóirí oiriúnachta rialála a bhaint amach toisc go ndéanfadh sé téacs na Treorach a shimpliú agus soiléireacht dhlíthiúil na Treorach a mhéadú. Rachadh sé

sin chun tairbhe do ghnólachtaí iompair de bhóthar (atá i micrifhiontair agus i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide den chuid is mó) trí shoiléiriú a dhéanamh ar cathain agus cé na feithiclí atá incháilithe do rátaí dola níos fabhraí.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go háirithe.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Chuirfeadh an togra seo feabhas ar théacs dlíthiúil gnímh de chuid an Aontais gan athrú a dhéanamh ar bheartas. Dá bhrí sin, ní bheidh impleachtaí buiséadacha ann do bhuiséad an Aontais mar thoradh air.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Áirítear i dTreoir 1999/62/CE ceanglais shonracha tuairiscithe do na Ballstáit a bhaineann le héagsúlacht na muirear bonneagair nó úsáideora de réir fheidhmíocht chomhshaoil na bhfeithiclí.

Leis an togra leasaithe, feabhsaítear téacs dlíthiúil gnímh de chuid an Aontais chun é a dhéanamh níos simplí, níos soiléire agus níos beaichte. Dá bhrí sin, ní gá plean cur chun feidhme, faireachán ná meastóireacht a bheith ann.

Tá foráil nua beartaithe chun ligean do mhonaróirí astaíochtaí $CO_2$ feithiclí débhreosla a chinneadh más rud é gur táirgeadh feithiclí sular cumhdaíodh an teicneolaíocht sin le Rialachán (AE) 2017/2400. Tugtar socrú tuairiscithe nua isteach chun maoirseacht a dhéanamh ar úsáid na huirlise ionsamhlúcháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/2400 chun críoch seachas na críocha sin a leagtar amach sa rialachán sin, ós rud é gur uirlis foinse oscailte í an uirlis ionsamhlúcháin agus go bhféadfaí í a úsáid go neamhdhlisteanach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní mór do na Ballstáit na tagairtí dlíthiúla coigeartaithe a thrasuí a mhéid atá na tagairtí sin ionchorpraithe cheana féin ina ndlí náisiúnta[13]. Ní mór doiciméad amháin nó níos mó a bheith ag gabháil leis na fógraí a thabharfaidh na Ballstáit faoi na bearta trasuite, ar doiciméid iad lena míneofar an gaol idir codanna leasaithe Threoir 1999/62/CE agus na codanna comhfhreagracha de na dlíthe náisiúnta.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Mínítear na leasuithe ar an togra bunaidh thíos.

[13] Chomhlíon roinnt Ballstát na hoibleagáidí trasuite trí thagairtí do dhlí an Aontais a ionchorprú ina ndlí náisiúnta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ar na Ballstáit sin a reachtaíocht náisiúnta thrasuite a choigeartú. Mar sin féin, ba cheart dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún más amhlaidh atá.

Airteagal 1(1): Airteagal 2 – Sainmhínithe

*Airteagal 2(1), pointe (28): sainmhíniú ar 'astaíochtaí $CO_2$'*

Ba cheart soiléireacht dhlíthiúil an tsainmhínithe sin a fheabhsú toisc go bhfuil an tagairt do Rialachán (AE) 2017/2400 míchruinn. Níor leasaíodh an sainmhíniú sin sa togra bunaidh.

Sonraítear i Rialachán (AE) 2017/2400 struchtúr an chomhaid faisnéise custaiméara, is é sin an doiciméad a tháirgeann monaróirí lena gcruthaítear astaíochtaí $CO_2$ feithiclí nua. Ar dtús, tugadh tuairisc ar na hastaíochtaí sonracha $CO_2$ ag pointe 2.3 den chomhad faisnéise custaiméara. Tar éis Rialachán (AE) 2022/1379 a ghlacadh, tuairiscítear an fhaisnéis sin anois ag pointe 2.6 de chomhad faisnéise an chustaiméara. Meastar go bhfuil struchtúr nua an chomhaid faisnéise custaiméara cobhsaí ó thaobh leasuithe a dhéanfar amach anseo de.

Thairis sin, léireofar le Treoir 1999/62/CE leathnú raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242 chuig busanna agus cóistí, tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2024/1610. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú sa sainmhíniú go dtugtar tuairisc ar na hastaíochtaí sonracha $CO_2$ le haghaidh feithiclí earraí troma (in $gCO_2$/t-km) ag pointe 2.6.1 den chomhad faisnéise custaiméara agus go dtugtar tuairisc ar na hastaíochtaí sonracha $CO_2$ le haghaidh busanna agus cóistí (in $gCO_2$/p-km) ag pointe 2.6.4 den chomhad faisnéise custaiméara.

Dá bhrí sin, déantar an sainmhíniú ar 'astaíochtaí $CO_2$' feithicle tromshaothair a choigeartú chun tagairt a dhéanamh do réimsí cearta chomhad faisnéise an chustaiméara.

*Airteagal 2(1), pointe (30): sainmhíniú ar 'feithicil astaíochtaí ísle'*

Áiríodh leasú ar an sainmhíniú sin sa togra bunaidh, ach d'imigh an togra sin as dáta nuair a glacadh Rialachán (AE) 2024/1610.

Ba cheart an sainmhíniú sin a shimpliú. Tá an míniú seo a leanas ábhartha do na forálacha seo a leanas den treoir: Airteagal 2(1), pointe (30), fophointe (b) agus pointe (38), fophointe (b), Airteagal 7ga(1), an tríú fomhír, agus Airteagal 7ga(7). Tagróidh an míniú mionsonraithe ar na forálacha sin ar ais chuig an roinn seo.

I dTreoir 1999/62/CE tá forálacha chun raon feidhme na Treorach sin a leathnú chun go gcuirfear san áireamh foghrúpaí feithiclí nár cumhdaíodh go fóill le Rialachán (AE) 2019/1242 ach a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/2400 cheana. Go deimhin, níor cumhdaíodh le Rialachán (AE) 2019/1242 ar dtús ach fothacar de na grúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/2400[14].

Le Treoir 1999/62/CE, ceadaíodh na grúpaí feithiclí a bhí fágtha a áireamh ina raon feidhme a luaithe a bhí sonraí maidir le hastaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí ar leis na grúpaí feithiclí sin iad

[14] Is é an foghrúpa feithiclí bunaidh a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1242 (foghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH) is cúis le thart ar 73 % d'astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair. Na grúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/2400, is iad is cúis le 98 % d'astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí tromshaothair. Ní féidir na feithiclí a chomhfhreagraíonn don 2 % eile a áireamh i raon feidhme Rialachán (AE) 2017/2400. I ndáil leis sin, féach Roinn 17.3 d'Iarscríbhinn 8 de Chuid 2 de SWD(2023)88, arb é an measúnú tionchair é a ghabhann leis an togra as ar eascair glacadh Rialachán (AE) 2024/1610.

ar fáil [15]. Is é is cúis leis sin, tráth a glacadh Rialachán (AE) 2019/1242, nárbh eol cathain a leathnófaí a raon feidhme chun na grúpaí feithiclí eile a chur san áireamh.

Le Rialachán (AE) 2024/1610 leasaíodh Rialachán (AE) 2019/1242 chun gach grúpa feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/2400 a áireamh. Dá bhrí sin, tá forálacha Threoir 1999/62/CE lena gceadaítear a raon feidhme a leathnú chun an bhearna idir raon feidhme an dá rialachán sin a dhúnadh imithe i léig. Ba cheart na forálacha sin a scriosadh chun téacs na Treorach a shimpliú agus a shoiléiriú.

Dá bhrí sin, scriostar fophointe (b) sa sainmhíniú ar 'fheithicil astaíochtaí ísle'.

*Airteagal 2(1), pointe (35): sainmhíniú ar 'ghrúpa feithiclí'*

Ba cheart soiléireacht dhlíthiúil an tsainmhínithe sin a fheabhsú. Níor leasaíodh an sainmhíniú sin leis an togra bunaidh, ach tá sé le leasú anois toisc go bhfuil an tagairt do Thábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 míchruinn.

Sainítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 na grúpaí feithiclí le haghaidh leoraithe troma. Leathnaíodh raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242, áfach, chun na foghrúpaí feithiclí a shainmhínítear i dTáblaí 2 go 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 (e.g. leoraithe meánmhéide agus busanna agus cóistí) a chur san áireamh freisin. Thairis sin, sainmhínítear le Rialachán (AE) 2017/2400 na grúpaí feithiclí sa chéad fhomhír d'Airteagal 4 de, ina dtagraítear do na táblaí sin agus lena bhfreastalaítear freisin ar athruithe a dhéanfar amach anseo sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin.

Dá bhrí sin, coigeartaítear an sainmhíniú ar 'grúpa feithiclí' chun tagairt a dhéanamh don chéad fhomhír d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/2400.

*Airteagal 2(1), pointe (37): sainmhíniú ar 'chonair laghdaithe astaíochtaí'*

Ba cheart soiléireacht dhlíthiúil an tsainmhínithe sin a fheabhsú, agus ba cheart a bhrí bhunaidh a chaomhnú. Áiríodh leasú ar an sainmhíniú sin sa togra bunaidh, ach níor thug sé aghaidh ar na hathruithe ar fad a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/1610. Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas.

– Is foráil normatach uathrialach í an abairt dheiridh, foráil a bhfuil baint aici leis na hastaíochtaí tagartha $CO_2$. Tá coigeartuithe den sórt sin bunaithe ar ghníomhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/2142. Níor cheart an fhoráil normatach sin a bheith ina cuid de shainmhíniú agus, dá bhrí sin, aistrítear í go hAirteagal 7ga(1)[16].
– Tugtar tuairisc sa sainmhíniú ar fhoirmle mhatamaiticiúil agus, dá bhrí sin, is deacair é a thuiscint gan eolas mionsonraithe ar Rialachán (AE) 2019/1242 agus ar na


15 Chun raon feidhme Threoir 1999/62/CE a leathnú, ba cheart gníomh cur chun feidhme a fhoilsiú bunaithe ar Airteagal 7ga(7). A luaithe a ghlacfar é, foráiltear leis an tríú fomhír d'Airteagal 7ga(1) go bhféadfaí na feithiclí a bhaineann leis na grúpaí ábhartha feithiclí a aicmiú in aicme 4 d'astaíochtaí $CO_2$ (feithiclí astaíochtaí ísle). Mar sin féin, níorbh fhéidir na feithiclí sin a aicmiú in aicmí 2 agus 3 toisc go bhfuil an t-aicmiú sna haicmí sin bunaithe ar chonair laghdaithe astaíochtaí le haghaidh na bhfoghrúpaí sin feithiclí lena gceanglaítear go leagfar amach na spriocanna laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ maidir leis na grúpaí sin feithiclí i Rialachán (AE) 2019/1242.

16 Féach freisin an míniú ar Airteagal 7ga(1) thíos.

hiarscríbhinní a ghabhann leis. Nuair a glacadh Rialachán (AE) 2024/1610, tugadh an fhoirmle chéanna isteach ag pointe 5.1.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242. Thairis sin, cumhdaítear leis an bhfoirmle sin conairí laghdaithe astaíochtaí busanna agus cóistí nach bhfuil beartaithe sa sainmhíniú atá ann faoi láthair ar Threoir 1999/62/CE, cé go leathnófar raon feidhme na Treorach chun na feithiclí sin a chur san áireamh. Meastar go bhfuil an fhoirmle in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 cobhsaí ó thaobh leasuithe a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán sin de. Dá bhrí sin, tagraíonn an sainmhíniú don fhoirmle sin anois.

– Athraíodh cruth na conaire laghdaithe astaíochtaí nuair a glacadh Rialachán (AE) 2024/1610 mar thoradh ar na tagairtí sa sainmhíniú do Rialachán (AE) 2019/1242 agus gan cinneadh sainráite bunaithe ar bhreithnithe beartais. Dá bhrí sin, d'éirigh tairseacha aicmí 2 agus 3 d'astaíochtaí $CO_2$ níos déine agus beidh líon níos ísle gnáthfheithiclí incháilithe do na haicmí sin.


Mínítear cuspóir na conaire laghdaithe astaíochtaí ar dtús. Leis an gconair laghdaithe astaíochtaí, cinntear na tairseacha d'aicmiú feithiclí in aicmí 2 agus 3 d'astaíochtaí $CO_2$ ionas go laghdóidh siad le himeacht ama. Tá sé i gceist le haicmí 2 agus 3 d'astaíochtaí $CO_2$ feabhsuithe éifeachtúlachta a dhreasú i gcás gnáthfheithiclí a chumhachtaítear le breoslaí iontaise. Léirítear thíos cruth na conaire laghdaithe astaíochtaí arna glacadh i dTreoir (AE) 2022/362 le haghaidh foghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH (dá ngairtear na 'foghrúpaí feithiclí bunaidh' anseo feasta). Le haghaidh na mblianta go dtí 2030, tagraíonn an sainmhíniú ar an gconair laghdaithe astaíochtaí don fhachtóir ($R\text{-}ET_Y$) um laghdú astaíochtaí $CO_2$ a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1242. Braitheann $R\text{-}ET_Y$ ar na spriocanna laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh 2015 agus 2030 a leagtar amach sa rialachán sin. Le haghaidh 2031 agus na mblianta ina dhiaidh sin, tá an sainmhíniú ar an gconair laghdaithe astaíochtaí líneach ar leibhéal a chomhfhreagraíonn do sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ 30 %. Léiríonn an líneacht sin an feabhsú éifeachtúil maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ar féidir le gnáthfheithiclí a bhaint amach.





Le Rialachán (AE) 2024/1610, méadaíodh sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh 2030 ó 30 % go dtí 43 %. Leis an athrú seo, ceanglaítear ar mhonaróirí dlús a chur le húsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha. Mar sin féin, déanann an sprioc chéanna difear freisin do chonair laghdaithe astaíochtaí na treorach seo agus do na tairseacha comhfhreagracha d'aicmí 2 agus 3 d'astaíochtaí $CO_2$ atá ceaptha do ghnáthfheithiclí amháin.

Tá grádán níos géire i gcruth nua na conaire laghdaithe astaíochtaí, mar atá sí i bhfeidhm faoi láthair, agus, dá bhrí sin, tá tairseacha níos déine ann d'aicmí 2 agus 3 d'astaíochtaí $CO_2$ suas go dtí 2030, agus an bhliain sin san áireamh. Le haghaidh 2031 agus na mblianta ina dhiaidh sin, leanann an chonair laghdaithe astaíochtaí de bheith líneach ar leibhéal a chomhfhreagraíonn do sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ de 30 %.

I gcás na bhfoghrúpaí feithiclí bunaidh, déantar difear don chonair idir na tréimhsí tuairiscithe 2026 agus 2030 a áirítear, mar a léirítear thíos. Dá bhrí sin, déanfar difear d'aicmiú feithiclí ar leis na foghrúpaí feithiclí sin iad ó thús na tréimhse thuairiscithe 2026 an 1 Iúil 2026.




I gcás na bhfoghrúpaí feithiclí a bhfuil an tréimhse thagartha 2021 acu (i.e. foghrúpaí feithiclí 1, 2, 3, 11, 12 agus 16), déantar difear don chonair óna thús go dtí 2030, mar a léirítear san fhigiúr thíos[17]. Dá bhrí sin, déantar difear d'aicmiú feithiclí ar leis na foghrúpaí feithiclí sin iad ón tráth a leathnófar raon feidhme Threoir 1999/62/CE chun na foghrúpaí feithiclí sin a chur san áireamh [18].




Leasaítear an sainmhíniú dá bhrí sin chun cruth bunaidh na conaire laghdaithe astaíochtaí a athbhunú, mar a léirítear sa chéad fhigiúr thuas, tríd an sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ do 2030 agus líneacht na conaire tar éis 2030 araon a chur in iúl go sainráite.

*Airteagal 2(1), pointe (38): sainmhíniú ar 'astaíochtaí tagartha $CO_2$ fho-ghrúpa feithiclí'*

Is féidir an sainmhíniú sin a shimpliú, agus ba cheart a shoiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú. Áiríodh leasú ar an sainmhíniú sin sa togra bunaidh, ach d'imigh an togra sin as feidhm nuair a glacadh Rialachán (AE) 2024/1610. Leasaítear an sainmhíniú ar 'astaíochtaí tagartha $CO_2$ fho-ghrúpa feithiclí' mar a leanas.

Ar an gcéad dul síos, déantar Airteagal 2(1), pointe (38), fophointe (a), a shimpliú trí thagairt a dhéanamh don sainmhíniú ar astaíochtaí tagartha $CO_2$ a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 219/1242. Tá an dá shainmhíniú coibhéiseach ós rud é go dtagraíonn an dá shainmhíniú do phointe 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 219/1242. Leis an athrú sin, déantar foclaíocht an tsainmhínithe sin a ailíniú le foclaíocht na sainmhínithe eile uile i dTreoir 1999/62/CE ina dtagraítear do Rialachán (AE) 2019/1242.

Ar an dara dul síos, chuaigh Airteagal 2(1), pointe (38), fophointe (b), as feidhm ar na cúiseanna a leagtar amach sa mhíniú ar 'fheithicil astaíochtaí ísle' thuas. Dá bhrí sin, scriostar fophointe (b) den sainmhíniú chun an fhoráil seo a shimpliú.

---

[17] Tá cruth nua chonair laghdaithe astaíochtaí na bhfoghrúpaí feithiclí 1, 2, 3, 11, 12 agus 16 éagsúil le cruth chonair laghdaithe astaíochtaí na bhfoghrúpaí feithiclí bunaidh mar gheall ar an sprioc idirmheánach maidir le laghdú $CO_2$ le haghaidh 2025 do na foghrúpaí feithiclí bunaidh.

[18] Féach an míniú thíos a ghabhann le hAirteagal 7ga(1) maidir le pointe ama an leathnaithe ar an raon feidhme.

<u>Airteagal 1(2): Airteagal 7ga – Éagsúlacht muirear le haghaidh feithiclí tromshaothair</u>

*Airteagal 7ga(1), an dara fomhír go dtí an ceathrú fomhír: oibleagáid muirir a éagsúlú bunaithe ar astaíochtaí* $CO_2$

Ba cheart an fhoráil sin a shimpliú ionas go dtuigfidh riaracháin náisiúnta agus gnólachtaí a gcearta agus a n-oibleagáidí go soiléir. Thairis sin, ba cheart tréimhse leordhóthanach a bhunú chun é a chur chun feidhme. Áiríodh sa togra bunaidh leasú chun an sainmhíniú sin a shimpliú, ach níor thug sé tráthchlár soiléir le haghaidh riarachán náisiúnta agus gnólachtaí ar fáil chun na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/1610 a chur chun feidhme.

Chun an roinn seo a thuiscint, ba cheart struchtúr reatha Airteagal 7ga(1), ón dara fomhír go dtí an ceathrú fomhír, a shoiléiriú ar dtús:

– Baineann Airteagal 7ga(1), an dara fomhír, le foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1242;
– Baineann Airteagal 7ga(1), an tríú fomhír, le raon feidhme Threoir 1999/62/CE a leathnú chuig grúpaí feithiclí a cumhdaíodh cheana le Rialachán (AE) 2017/2400 ach nach gcumhdaítear go fóill le Rialachán (AE) 2019/1242; agus
– Baineann Airteagal 7ga(1), an ceathrú fomhír, le raon feidhme Threoir 1999/62/CE a leathnú chuig foghrúpaí feithiclí nua tar éis iad a áireamh faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242.

Is iad seo a leanas na cúiseanna le hAirteagal 7ga(1) a leasú, ón dara fomhír go dtí an ceathrú fomhír:

– Tá tagairtí i ngach ceann de na trí fhomhír d'Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2019/1242 chun na foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear leis an Rialachán sin a shainaithint. Mar sin féin, le Rialachán (AE) 1242/1610, athraíodh struchtúr an rialacháin sin, sa chaoi is nach leagtar amach na fo-ghrúpaí feithiclí a chumhdaítear in Airteagal 2(1) de a thuilleadh, ach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I de. Dá bhrí sin, tá na tagairtí d'Airteagal 2(1) den Rialachán sin míchruinn.
– D'imigh Airteagal 7ga(1), an tríú fomhír, as feidhm ar na cúiseanna a leagtar amach sa mhíniú thuas maidir leis an sainmhíniú ar 'fheithicil astaíochtaí ísle'.
– Ní chumhdaítear le hAirteagal 7ga(1) coigeartuithe ar astaíochtaí tagartha $CO_2$ de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/2142, coigeartuithe a chumhdaítear ina ionad sin leis an abairt dheireanach den sainmhíniú ar chonair laghdaithe astaíochtaí. Mar sin féin, mar a mhínítear thuas sa roinn maidir leis an sainmhíniú ar 'chonair laghdaithe astaíochtaí', is foráil normatach uathrialach í an fhoráil sin agus ní sainmhíniú í, mar sin ba cheart í a chur in Airteagal 7ga(1).
– Thairis sin, an t-am chun na coigeartuithe sin ar na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ a chur chun feidhme, níl sé leordhóthanach. Tá feidhm ag na coigeartuithe faoi Threoir 1999/62/CE '*le haghaidh na dtréimhsí tuairiscithe dar tús tar éis dhátaí chur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe sin faoi seach*;'. Mar sin féin, ní fhoráiltear aon am cur chun feidhme má ghlactar na gníomhartha sin go gairid roimh thús tréimhse tuairiscithe.
– Tá Airteagal 7ga(1), an ceathrú fomhír, míchruinn nuair a thagraíonn sé don *phointe ama a leathnaítear raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242 chun foghrúpaí feithiclí nua a chur san áireamh*. Go sonrach, luaitear san fhoráil sin go bhfuil feidhm ag an

athrú ar mhuirir bhóthair maidir le foghrúpaí feithiclí nua nuair a thagann conairí laghdaithe astaíochtaí le haghaidh foghrúpaí feithiclí nach gcumhdaítear go fóill le Rialachán (AE) 2019/1242 i bhfeidhm, mar a chinntear le gníomh reachtach de chuid an Aontais. Mar sin féin, níl aon ghníomh de chuid an Aontais ann a thiocfadh i bhfeidhm agus a shocródh luachanna conairí laghdaithe astaíochtaí grúpa feithiclí. Ina ionad sin, ríomhtar conair laghdaithe astaíochtaí grúpa feithiclí bunaithe ar na foirmlí dá bhforáiltear cheana sa sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointe (37) den Treoir. Tá conair laghdaithe astaíochtaí fhoghrúpa feithiclí ina thoradh ar na spriocanna laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh an fhoghrúpa feithiclí sin (mar a leagtar amach in Airteagal 3a agus i bpointe 4.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 agus astaíochtaí tagartha $CO_2$ fhoghrúpa feithiclí (mar a fhoilsíodh i ngníomh de bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242 sa bhliain i ndiaidh thréimhse tagartha an fhoghrúpa feithiclí sin)[19]. Dá bhrí sin, is féidir conair laghdaithe astaíochtaí fhoghrúpa feithiclí a ríomh nuair a fhoilsítear astaíochtaí tagartha $CO_2$ an fhoghrúpa feithiclí sin. Dá bhrí sin, an pointe ama a leagtar síos sa cheathrú fomhír d'Airteagal 7ga(1) chun foghrúpaí feithiclí nua a chumhdach, tá sé nasctha le foilsiú astaíochtaí tagartha $CO_2$ do na foghrúpaí feithiclí sin i ngníomh de bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242.

– Ní shocraítear leis an bhfomhír chéanna tréimhse chun na síntí ar raon feidhme Threoir 1999/62/CE chuig foghrúpaí nua feithiclí a chur chun feidhme. Tiocfaidh gníomhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242 i bhfeidhm an dáta a thabharfar fógra do na seoltaí. Mar sin féin, chun feithiclí ar leis na foghrúpaí feithiclí sin iad a aicmiú in aicmí astaíochtaí $CO_2$, ní mór obair a dhéanamh ar na córais TF chun córais dolaí a oibriú, comhordú idir údaráis náisiúnta agus soláthraithe seirbhíse dolaí, agus cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí bóithre faoina gcearta. Teastaíonn thart ar 6 mhí chun an obair sin a dhéanamh.

Ar na cúiseanna sin, leasaítear an dara fomhír go dtí an ceathrú fomhír d'Airteagal 7ga(1) mar a leanas.

– Déantar na trí fhomhír sin a shimpliú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

    - trí na tagairtí do Rialachán (AE) 2019/1242 a cheartú: in ionad na tagartha do 'Airteagal 2(1), pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) 2019/1242', úsáidtear na focail 'foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1242';
    - an tríú fomhír, atá imithe i léig anois, a scriosadh. Ar an gcúis chéanna, scriostar freisin an fhomhír den togra bunaidh maidir leis an athrú ar aicmí 1, 4 agus 5 d'astaíochtaí $CO_2$;
    - an dara fomhír agus an ceathrú fomhír atá ann faoi láthair a chumasc, toisc go mbaineann siad araon leis an gcaoi a n-áirítear foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1242 san athrú ar mhuirir bhonneagair mar a rialaítear in Airteagal 7ga;

[19] Braitheann uainiú fhoilsiú an ghnímh sin ar thréimhse thagartha grúpa, mar a leagtar amach i bpointe 3.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242. Ba é 2019 an tréimhse thagartha do na foghrúpaí feithiclí a cumhdaíodh ar dtús leis an rialachán sin (foghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH). Is é 2021 tréimhse thagartha na bhfoghrúpaí feithiclí 1, 2, 3, 11, 12 agus 16. Is é 2025 tréimhse thagartha na bhfoghrúpaí eile uile.

– Cuirtear fomhír nua isteach chun an fhoráil maidir le coigeartuithe ar astaíochtaí tagartha $CO_2$ a aistriú ón sainmhíniú ar chonair laghdaithe astaíochtaí go dtí an tAirteagal seo.

– Tugtar na hathruithe seo a leanas isteach chun uainiú chur chun feidhme na n-athruithe faoi Rialachán (AE) 2019/1242 i dTreoir 1999/62/CE a shoiléiriú:

- Ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar phointe ama an leathnaithe chuig foghrúpaí feithiclí nua (rud a thagann le leathnú raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242). Baineann an síneadh sin leis na foghrúpaí feithiclí uile nach í 2019 a dtréimhse thagartha (féach fonóta 19). Baintear tagairtí do '*teacht i bhfeidhm conairí laghdaithe astaíochtaí*'. Mar a leagtar amach thuas, tá an pointe ama ónar cheart athrú a chur i bhfeidhm nasctha le foilsiú astaíochtaí tagartha $CO_2$ an fhoghrúpa feithiclí sin arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242. Dá bhrí sin, déantar tagairt in Airteagal 7ga(1) freisin d'fhoilsiú na ngníomhartha sin.

- Soláthraítear tréimhse cur chun feidhme 6 mhí tar éis dháta foilsithe na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$ a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242. Foilsíodh na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ le haghaidh na bhfoghrúpaí feithiclí bunaidh cheana féin, mar sin socraítear an dáta cur i bhfeidhm le haghaidh na bhfoghrúpaí sin an 13 Bealtaine 2023 go sainráite[20].

- Cuirtear tréimhse cur chun feidhme 6 mhí ar fáil i gcás inar gá coigeartuithe a dhéanamh ar astaíochtaí tagartha $CO_2$ bunaithe ar Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/1242. Sonraítear dáta chur i bhfeidhm na gcoigeartuithe sin mar 'an chéad lá den séú mí tar éis a bhfoilsithe' chun a áirithiú go gcaitear le feithiclí comhchosúla ar an mbealach céanna thar theorainneacha agus chun saobhadh iomaíochta i measc oibreoirí iompair a bhfuil feithiclí comhchosúla acu a sheachaint.

  Ós rud é go meastar go nglacfar gníomh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/1242 agus go mbeidh feidhm aige ón tréimhse thuairiscithe 2025 ar aghaidh i gcás na bhfoghrúpaí feithiclí bunaidh, agus ós rud é go bhféadfadh an tréimhse 6 mhí dul in éag thart ar thráth glactha an togra seo, d'fhéadfadh an dáta cur i bhfeidhm do na foghrúpaí feithiclí sin a bheith róghearr nó doiléir. Chun a áirithiú go mbeidh dáta chur i bhfeidhm na gcoigeartuithe le haghaidh na bhfoghrúpaí feithiclí sin soiléir, agus go dtabharfar am cur chun feidhme leordhóthanach, ba cheart feidhm a bheith ag an gcoigeartú sin ón 1 Iúil 2026 faoin Treoir [21].

[20] Thit an dáta sin dhá bhliain tar éis dáta éifeachta Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2021 maidir le liosta a fhoilsiú lena léirítear luachanna astaíochtaí $CO_2$ áirithe in aghaidh an mhonaróra agus meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle nua tromshaothair a cláraíodh san Aontas agus astaíochtaí tagartha $CO_2$ de bhun Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh thréimhse thuairiscithe 2019 (IO L 167, 12.5.2021, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/781/oj).

[21] Tá sé sin i gcomhréir leis an leagan reatha den abairt dheireanach den sainmhíniú ar chonair laghdaithe astaíochtaí. Go deimhin, luaitear san fhoráil sin go mbeidh feidhm ag na luachanna coigeartaithe ón tréimhse thuairiscithe a thosaíonn tar éis dháta chur i bhfeidhm an ghnímh sin, arb é a bheadh ann an 1 Iúil 2026.

*Airteagal 7ga(2): aicmiú feithiclí in aicmí astaíochtaí $CO_2$*

Níor leasaíodh an fhoráil sin sa togra bunaidh. Mar sin féin, ba ghá é a leasú tar éis na n-athruithe a tugadh isteach le Rialacháin (AE) 2024/1610 agus (AE) 2022/1379. Ba cheart é a leasú chun a léiriú conas feithiclí a aicmiú i gcásanna sonracha a d'fhéadfaí a léirmhíniú go débhríoch faoi Threoir 1999/62/CE chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú ar fud an Aontais.

Sonraítear sa mhír seo cén chaoi an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) feithiclí a athaicmiú bunaithe ar an gconair laghdaithe astaíochtaí mar a sainmhíníodh ar dtús i dTreoir (AE) 2022/362;

(b) feithiclí a aicmiú a bhfuil comhad faisnéise custaiméara ag gabháil leo agus atá cláraithe roimh thús na conaire laghdaithe astaíochtaí;

(c) feithiclí oibre a aicmiú;

(d) feithiclí astaíochtaí nialasacha iarfheistithe a aicmiú; agus

(e) feithicil dhébhreosla a aicmiú.

Trí dheimhneacht dhlíthiúil a leagan amach i ndlí an Aontais maidir le conas déileáil leis na cásanna sin, cuirtear deimhneacht dhlíthiúil ar fáil maidir le cur chun feidhme na Treorach.

– *Athaicmiú feithiclí bunaithe ar an sainmhíniú bunaidh ar chonair laghdaithe astaíochtaí*. Is é is aidhm don togra seo cruth bunaidh agus brí an tsainmhínithe ar an gconair laghdaithe astaíochtaí a athbhunú [22]. Mar sin féin, féadfar feithiclí a aicmiú in aicme astaíochtaí $CO_2$ sula nglacfar an togra seo a aicmiú in aicme neamhfhabhrach.

  Chun dálaí comhionanna a áirithiú idir feithiclí atá aicmithe in aicme astaíochtaí $CO_2$ iad tar éis ghlacadh an togra seo, agus feithiclí ar aicmíodh iad bunaithe ar sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh 2030 de 43 %, ní mór do na Ballstáit na feithiclí sin a ath-aicmiú laistigh de dhá mhí tar éis teacht i bhfeidhm an togra seo.

  Níl gá leis an bhforáil sin ach amháin má thagann an togra seo i bhfeidhm tar éis ceann amháin den dá phointe ama seo a leanas: tar éis an 1 Iúil 2026 (a dhéanann difear d'fheithiclí a bhaineann le foghrúpaí feithiclí bunaidh), nó, tar éis raon feidhme Threoir 1999/62/CE a leathnú chun foghrúpaí feithiclí 1, 2, 3, 11, 12, agus 16 a chur san áireamh [23]. Ní bheadh gá leis an bhforáil sin dá dtiocfadh an togra seo i bhfeidhm roimh an dá imeacht sin.

– *Feithiclí a bhfuil comhad faisnéise custaiméara ag gabháil leo agus atá cláraithe roimh thús na conaire laghdaithe astaíochtaí*. Le Treoir 1999/62/CE, maidir le feithiclí a cláraíodh sular thosaigh conair laghdaithe astaíochtaí an fho-ghrúpa feithiclí chomhfhreagraigh ach ina leith ar féidir leis na húinéirí fianaise maidir leis na hastaíochtaí $CO_2$ bunaithe ar an gcomhad faisnéise custaiméara, ní rialaítear an chaoi leis na feithiclí sin a aicmiú.

[22] Féach an míniú ar Airteagal 2(1), pointe (37) thuas.

[23] Féach an míniú thíos a ghabhann le hAirteagal 7ga(1) maidir le pointe ama an leathnaithe ar an raon feidhme.

I gcás na bhfoghrúpaí feithiclí a bhfuil an tréimhse thagartha 2021 nó 2025 ag gabháil leo, tá neamhréireacht ann idir an bhliain ina dtosaíonn an chonair laghdaithe astaíochtaí agus na sprioc-amanna do mhonaróirí chun an comhad faisnéise custaiméara a chur in éineacht le feithiclí nua [24]. Go sonrach, tá an sprioc-am do mhonaróirí chun é sin a dhéanamh roimh bhliain tosaigh na conaire laghdaithe astaíochtaí.

Soiléirítear le hAirteagal 7ga(2a) maidir le feithiclí ar féidir fianaise ar astaíochtaí $CO_2$ a sholáthar ina leith, go bhfuil siad incháilithe le bheith curtha i gcatagóir aicme astaíochtaí $CO_2$, bunaithe ar na luachanna an chéad bhliain de chonair laghdaithe astaíochtaí le haghaidh an fho-ghrúpa sin. D'áiritheofaí leis an togra seo cur chuige comhchuibhithe san Aontas.

– *Feithiclí oibre*. Le Rialachán (AE) 2019/1242 déantar idirdhealú idir feithiclí oibre, (amhail feithiclí a úsáidtear le haghaidh bailiú dramhaíola nó oibreacha tógála [25]), agus cineálacha eile feithiclí trí fhoghrúpaí d'fheithiclí oibre a shainiú. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil patrún úsáide na bhfeithiclí oibre difriúil le patrún úsáide feithiclí a iompraíonn earraí nó daoine. Is iad na feithiclí oibre is cúis le thart ar 2 % d'astaíochtaí na hearnála tromshaothair agus feidhmítear iad i gcathracha den chuid is mó [26].

Ní cheanglaítear ar mhonaróirí an cineál oibre atá i gceist le feithicil tromshaothair a shainaithint toisc go bhféadfadh úsáid deiridh na feithicle a bheith doiléir fós tráth an táirgthe. Ina ionad sin, aithnítear feithiclí oibre amhlaidh tar éis chéadchlárú na bhfeithiclí chun críocha Rialachán (AE) 2019/1242. Dá bhrí sin, ní luaitear i gcomhad faisnéise an chustaiméara a fhaigheann úinéirí feithiclí cé acu an feithicil oibre í an fheithicil nó nach ea. Dá bhrí sin, ní féidir caitheamh leis na feithiclí sin mar fhoghrúpa feithiclí ar leithligh faoi Threoir 1999/62/CE ina foirm reatha.

Dá n-aithneofaí foghrúpaí feithiclí oibre faoi Threoir 1999/62/CE, d'úsáidfí doiciméid bhreise arna n-eisiúint tar éis chlárú na feithicle chun cineál oibre feithiclí a shainaithint. Bheadh an t-ualach riaracháin díréireach i gcomparáid leis an sciar íseal astaíochtaí ar feithiclí oibre is cúis leo agus an méid íseal ciliméadar a thaistealaítear ar na bóithre a chumhdaítear le hAirteagal 7ga den Treoir (i.e. mórbhealaí agus bóithre TEN-T). Thairis sin, tá baol ann go gcuirfidh na Ballstáit cineálacha cur chuige ilroinnte i bhfeidhm, mura saineofar sa Treoir an nós imeachta maidir le doiciméid a úsáid seachas comhad faisnéise an chustaiméara. Tugann na

[24] Tosaíonn an chonair laghdaithe astaíochtaí i dtréimhse thagartha foghrúpa feithiclí (mar a leagtar amach i bpointe 3.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242), ach leagtar amach na sprioc-amanna do mhonaróirí in Airteagail 9 agus 24 de Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus braitheann siad ar an ngrúpa feithiclí. I gcás na bhfoghrúpaí feithiclí bunaidh, tháinig an dá dháta i gcomhthráth: cuireadh tús leis an gconair laghdaithe astaíochtaí an 1 Iúil 2019 toisc gurbh é 2019 an tréimhse thagartha (mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2019/1242 le haghaidh na bhfoghrúpaí feithiclí sin). Ba iad an 1 Iúil 2019 freisin (mar a leagtar amach in Airteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2400) na sprioc-amanna do mhonaróirí chun comhad faisnéise custaiméara a chur in éineacht le feithiclí nua.

[25] Tá liosta iomlán na gcineálacha feithiclí oibre le fáil i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 i gcomhar le Foscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858).

[26] Féach aithris 33 de Rialachán (AE) 2024/1610.

cúiseanna oibiachtúla sin údar le foghrúpaí feithiclí oibre a láimhseáil ar bhealach éagsúil le foghrúpaí feithiclí eile.

Dá bhrí sin, ceanglaítear le hAirteagal 7ga(2) go measfar go mbaineann feithiclí oibre leis an bhfoghrúpa comhfhreagrach feithiclí nach feithiclí oibre iad. Cuirtear an fhaisnéis sin ar fáil i gcomhaid faisnéise custaiméara na bhfeithiclí uile. Shoiléireodh an togra seo an chaoi ar cheart feidhm a bheith ag forálacha reatha na Treorach maidir le feithiclí oibre.

– *Feithiclí astaíochtaí nialasacha a iarfheistítear chun a raon a leathnú*. Cuireann raon feidhme na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha fós faoi mhíbhuntáiste iad i gcomparáid le gnáthfheithiclí. Chun raon oibríochtúil na feithicle a mhéadú, is féidir feithiclí astaíochtaí nialasacha a iarfheistiú trí ghineadóir breosla a chur in ionad pacáiste ceallraí[27]. Dá bhrí sin, déantar feithiclí hibrideacha d'fheithiclí arna n-iarfheistiú ar an gcaoi sin.

Cé go n-úsáideann siad gineadóir breosla, bheadh feithiclí astaíochtaí nialasacha iarfheistithe fós aicmithe in aicme 5 d'astaíochtaí $CO_2$ faoi Threoir 1999/62/CE toisc go bhfuil aicmiú na bhfeithiclí bunaithe ar dhoiciméadacht na feithicle tráth chéadchlárú na bhfeithiclí.

Trí chóireáil a dhéanamh ar na feithiclí sin a bhaineann le haicme 5 d'astaíochtaí $CO_2$, déantar an margadh iompair lasta de bhóthar a shaobhadh chun míbhuntáiste na n-oibreoirí a úsáideann feithiclí astaíochtaí nialasacha nach ndéantar a iarfheistiú. Ní léiríonn an t-aicmiú sin ach oiread an astaíocht iarbhír thar shaolré na bhfeithiclí chun críocha Rialachán (AE) 2019/1242.

Thairis sin, is féidir le monaróirí astaíochtaí sonracha $CO_2$ na bhfeithiclí sin a ríomh san uirlis ionsamhlúcháin VECTO mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2400 sula gcuirtear ar an margadh iad.

Dá bhrí sin, moltar maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha a iarfheistítear chun a raon feidhme a leathnú, nach gcaithfear leo mar chuid d'aicme 5 d'astaíochtaí $CO_2$ ach mar chuid d'aicme 1 d'astaíochtaí $CO_2$. Leis an athrú sin, áirítear go n-aicmítear feithiclí in aicmí astaíochtaí $CO_2$ bunaithe ar thorthaí na huirlise ionsamhlúcháin VECTO.

– *Feithiclí débhreosla a táirgeadh sular cuireadh san áireamh iad faoi Rialachán (AE) 2017/2400*. Feithiclí débhreosla a táirgeadh sular áiríodh an teicneolaíocht sin i raon feidhme Rialachán (AE) 2017/2400 le Rialachán (AE) 2022/1379, níl siad incháilithe do rátaí dola níos fabhraí mar gheall ar easpa comhad faisnéise custaiméara. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na feithiclí sin a bheith faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht i gcomparáid le feithiclí comhchosúla a cláraíodh tar éis an dáta sin. D'fhéadfaí ionsamhlúchán nua a dhéanamh chun astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí sin a chinneadh agus ceanglais is déanaí Rialachán (AE) 2017/2400 á gcur san áireamh, lena n-áirítear ceanglais na bhfeithiclí a cláraíodh cheana. Is féidir leis na monaróirí a tháirg feithiclí débhreosla sular cumhdaíodh na feithiclí sin le Rialachán (AE) 2017/2400 an t-ionsamhlú sin a dhéanamh.

[27] Féach https://www.scania.com/group/en/home/newsroom/press-releases/press-release-detail-page.html/4993330-scania-and-dhl-to-test-electric-truck-with-fuel-powered-range-extender agus https://group.dhl.com/en/media-relations/press-releases/2025/dhl-and-scania-to-test-electric-truck-with-fuel-powered-range-extender.html

Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit glacadh le toradh na n-ionsamhlúchán sin chun feithicil débhreosla a aicmiú in aicmí astaíochtaí $CO_2$. Ós rud é gur uirlis foinse oscailte í an uirlis ionsamhlúcháin agus go bhféadfaí í a úsáid go neamhdhlisteanach, ba cheart don Choimisiún maoirseacht a dhéanamh nuair a úsáidtear an rogha sin. Dá bhrí sin, nuair a chinneann monaróir an rogha sin a úsáid, ba cheart dó fógra a thabhairt don Choimisiún faoina rún. Chun cosc a chur ar úsáid comhad ionsamhlúcháin neamhdhlisteanach, níor cheart do na Ballstáit glacadh le comhad ionsamhlúcháin nua ach amháin más rud é (i) go bhfaightear é go díreach ó mhonaróir; (ii) go bhfuil an comhad ionsamhlúcháin i bhformáid dhigiteach; agus (iii) gur díríodh cinneadh dearfach ón gCoimisiún ar an monaróir sin.

*Airteagal 7ga(7) – Astaíochtaí tagartha $CO_2$ a fhoilsiú*

Níor áiríodh an fhoráil sin sa togra bunaidh. Baineann an mhír seo le foilsiú astaíochtaí tagartha $CO_2$ grúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/2400 ach nach gcumhdaítear go fóill le Rialachán (AE) 2019/1242. Mar a mhínítear thuas, tá an fhoráil sin imithe i léig anois agus dá bhrí sin scriostar í chun an Treoir a shimpliú.

*Airteagal 7gc(7) – Éifeacht leantóirí ar laghdú ar mhuirir bhóthair a chinneadh*

Leasaítear an togra bunaidh chun a shoiléiriú cé na leantóirí atá incháilithe d'aicme leantóra 3 trí thagairt a dhéanamh don sainmhíniú nua ar leantóirí astaíochtaí nialasacha a leagtar amach in Airteagal 3, pointe 11, fophointe (c), de Rialachán (AE) 2019/1242, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1610.

*Airteagal 8(3) — Dáta chur i bhfeidhm Airteagal 7ga le haghaidh na mBallstát a bhfuil comhchóras acu maidir le muirir ar úsáideoirí*

Níor áiríodh an fhoráil sin sa togra bunaidh, ach tá gá lena leasú chun í a ailíniú leis na leasuithe atá beartaithe ar Airteagal 7ga(1). Go deimhin, tá tagairt in Airteagal 8(3) don dara fomhír agus don tríú fomhír d'Airteagal 7ga(1), a ndéanann an togra seo difear dóibh.

Cumhdaítear anois leis an dara fomhír d'Airteagal 7ga(1) na foghrúpaí feithiclí bunaidh agus na foghrúpaí nua feithiclí araon. Is é atá i gceist le síneadh a chur leis an sprioc-am do na Ballstáit a bhfuil córas coiteann acu maidir le muirir ar úsáideoirí a chur chun feidhme den chéad uair, an t-athrú ar mhuirir le haghaidh na bhfoghrúpaí feithiclí bunaidh a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, leagtar amach go sainráite anois an dáta cur i bhfeidhm le haghaidh na bhfoghrúpaí feithiclí bunaidh, ar bhealach atá cosúil leis an dáta a leasaítear Airteagal 7ga(1) leis an togra seo.

2023/0134 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 1999/62/CE, Treoir 1999/37/CE ón gComhairle agus Treoir (AE) 2019/520 a mhéid a bhaineann le haicme astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair le leantóirí agus lena ndéantar forálacha áirithe a shoiléiriú agus a shimpliú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún [2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le glacadh Threoir (AE) 2022/362 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] neartaíodh an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' agus an prionsabal ‘íoc mar a úsáidtear’ trí mhuirearú éigeantach a thabhairt isteach ar bhonn astaíochtaí $CO_2$, trí na muirir bhonneagair agus úsáideora a éagsúlú de réir astaíochtaí $CO_2$ feithiclí nó trí mhuirear costas seachtrach a chur i bhfeidhm ar astaíochtaí $CO_2$. Faoi láthair, déantar na muirir bhóthair le haghaidh cónaisc feithiclí ina bhfuil mótarfheithicil agus leantóir a éagsúlú ar bhonn astaíochtaí $CO_2$ na mótarfheithicle, beag beann ar shaintréithe an leantóra nasctha, go háirithe ar a héifeacht ar astaíochtaí $CO_2$ an chónaisc feithiclí.

(2) Cé nach n-úsáideann leantóir fuinneamh é féin, tá fuinneamh ag teastáil ón mótarfheithicil tarraingthe chun an leantóir a bhogadh. Mar thoradh ar optamú éifeachtúlachta fuinnimh leantóirí, laghdaítear astaíochtaí $CO_2$ ó ghnáthfheithiclí agus méadaítear neamhspleáchas feithiclí. Eascraíonn optamú leantóirí den sórt sin as feabhas a chur ar fheidhmíocht aeraidinimiciúil, ar fhriotaíocht rollta agus ar mheáchan leantóirí. Is é thart ar 7.5 % an acmhainneacht éifeachtúlachta fuinnimh i gcás leantóirí barra tarraingthe agus 15 % i gcás leathleantóirí i gcomparáid le leantóir tagartha na bliana 2020. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag leantóirí i

[1] IO C/2023/874, 8.12.2023, ~~lch.~~ ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/874/oj.

[2] IO C, , lch. .

[3] Treoir (AE) 2022/362 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir a ghearradh ar fheithiclí as bonneagar áirithe a úsáid (IO L 69, 4.3.2022, lch. 1 , ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/362/oj).

ndícharbónú na hearnála iompair lasta de bhóthar. Mar sin féin, cuirtear bac ar ghlacadh leantóirí níos éifeachtúla sa mhargadh mar gheall ar a bpraghsanna níos airde agus toisc nach raibh ceannaitheoirí leantóirí in ann leantóirí éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile i dtéarmaí a n-éifeachtúlachta fuinnimh go dtí seo. Is é an toradh a bhíonn air sin infhaighteacht theoranta leantóirí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de ar fáil ar an margadh. Tá gairis aeraidinimiciúla ar fáil cheana féin ar an margadh agus beidh siad ar fáil níos mó amach anseo, ach ní úsáidtear iad go coitianta i bhflít reatha an Aontais.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún[4], leagtar amach luachanna atá deimhnithe ó thaobh an dlí de maidir le héifeacht leantóirí ar astaíochtaí $CO_2$ ó chónaisc feithiclí earraí troma. Chun an costas oibríochtúil a bhaineann le leantóirí níos éifeachtúla a laghdú a thuilleadh, ba cheart na rialacha a leagan síos chun éifeacht leantóirí ar astaíochtaí $CO_2$ ó chónaisc feithiclí earraí troma a áireamh i scéimeanna muirearaithe bóthair bunaithe ar dhifreáil $CO_2$. Ós rud é gur féidir mótarfheithiclí a nascadh le leantóirí éagsúla, ba cheart áireamh na leantóirí i scéimeanna muirearaithe bóithre atá bunaithe ar dhifreáil $CO_2$ a bheith bunaithe ar an leantóir a úsáidtear go hiarbhír.

(4) An leathnú muirearaithe ar bhonn astaíochtaí $CO_2$ chuig leantóirí, ba cheart feidhm a bheith aige maidir le leantóirí a bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 maidir leo. D'fhéadfadh feidhmíocht leantóirí a bheith éagsúil ag brath ar a bparaiméadar teicniúil. Chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht leantóirí ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de, cuirtear feidhmíocht leantóra shonraigh i dtéarmaí acmhainneacht laghdaithe $CO_2$ i gcomparáid le feidhmíocht leantóra tagartha, atá comhchosúil leis a mhéid a bhaineann le cumraíocht acastóirí, ualach uasta ceadaithe acastóirí agus cumraíocht fonnaidh. An cóimheas idir luach an leantóra shonraigh agus luach an leantóra tagartha, sainmhínítear é i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 mar chóimheas éifeachtúlachta. Tá luach cóimheasa éifeachtúlachta níos ísle ná 1 ag leantóirí níos éifeachtaí.

(5) Is féidir ríomh an chóimheasa éifeachtúlachta a bheith bunaithe ar chiliméadair, tonna-chiliméadair nó m3-chiliméadair. Maidir le gach leantóir seachas leantóirí toirtdírithe, ba cheart an cóimheas éifeachtúlachta bunaithe ar thonna-chiliméadair a úsáid. Is iad leantóirí toirtdírithe na leantóirí sin atá deartha go príomha chun earraí toirtiúla a iompar. Ní féidir an cóimheas éifeachtúlachta bunaithe ar thonna-chiliméadair a úsáid le haghaidh leantóirí toirtdírithe toisc go bhfuil friotaíocht rollta agus mais níos airde ag na leantóirí sin ná a macasamhla traidisiúnta. I gcás leantóirí toirtdírithe, ba cheart an cóimheas éifeachtúlachta bunaithe ar m3-chiliméadar a úsáid ina ionad.

(6) Ba cheart aicme astaíochtaí $CO_2$ de chónaisc feithiclí le leantóir níos éifeachtúla a bheith níos airde ná aicme astaíochtaí $CO_2$ na mótarfheithicle léi féin, rud lena dtabharfaí, dá bhrí sin, rochtain ar laghdú níos mó ar mhuirir bhóthair. Ba cheart éifeacht na hacmhainneachta laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ atá ag leantóir ar aicme astaíochtaí $CO_2$ de cónaisc feithiclí a bheith bunaithe ar an gcomparáid idir cóimheas éifeachtúlachta an leantóra shonraigh agus tairseacha na gcóimheas éifeachtúlachta dá dtagraítear sa Treoir seo. Foráiltear do thairseacha éagsúla do leathleantóirí agus do

---

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683, IO L 205, 5.8.2022, lch. 145, **, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1362/oj**).

leantóirí eile toisc gurb éagsúil an acmhainneacht atá acu astaíochtaí $CO_2$ a laghdú ar bhealach costéifeachtach.

(7) I gcás ina n-áiríonn an Ballstát éifeacht leantóirí ar astaíochtaí $CO_2$ ó chónaisc feithiclí earraí troma i scéimeanna muirearaithe bóthair ar a chríoch agus ina bhforchuireann sé muirir shonracha ar chónaisc feithiclí a imíonn ó na meáchain uasta agus/nó ó na toisí uasta a leagtar síos i dTreoir 96/53/CE ón gComhairle[5], ba cheart cead a bheith ag an mBallstát sin laghdú na muirear bóthair a chur i bhfeidhm ar na cónaisc feithiclí sin a úsáideann leantóir amháin ar a laghad atá níos éifeachtúla.

(8) Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Treoir 1999/62/CE a leasú, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, chun na tairseacha cóimheasa éifeachtúlachta a leagtar amach inti a shainmhíniú nó a choigeartú, agus chun modheolaíocht a shainmhíniú chun leantóirí ar a ndearnadh próiseas iarfheistithe a aicmiú in aicmí leantóra, go háirithe na leantóirí sin nár sannadh cóimheas éifeachtúlachta dóibh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362. Ba cheart na tairseacha cóimheasa éifeachtúlachta a shainmhíniú a luaithe a bhaileofar sonraí maidir le héifeachtúlacht leantóirí ar feadh bliain amháin ar a laghad de bhun Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Ba cheart na tairseacha cóimheasa éifeachtúlachta a bheith bunaithe ar mheánéifeachtúlacht an fhlít leantóirí nuair a fhoilsítear astaíochtaí tagartha $CO_2$ d'fheithiclí den sórt sin, agus ar an acmhainneacht atá ag leantóirí feabhsuithe éifeachtúlachta a ghiniúint. Ba cheart iad a choigeartú chun dul chun cinn teicniúil agus dul i bhfód méadaitheach teicneolaíochtaí nua a léiriú, amhail leantóirí a bhfuil acastóirí tiomána acu. Sa sainmhíniú ar mhodheolaíocht le haghaidh leantóirí iarfheistithe, ba cheart breithniú a dhéanamh ar shuiteáil trealaimh a fheabhsaíonn a bhfuinneamh, amhail gairis aeraidinimiciúla, is féidir a fhíorú le linn na tástála tréimhsiúla ródacmhainneachta agus ar cheart é a thuairisciú ar an deimhniú ródacmhainneachta, dá dtagraítear i dTreoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

(9) D'fhonn a áirithiú go ndearbhaíonn tiománaithe mar is ceart feidhmíocht an leantóra atá nasctha leis an mótarfheithicil agus iad ag baint úsáid as laghdú muirear bunaithe ar astaíochtaí $CO_2$, is gá fianaise ar aicme astaíochtaí an chónaisc feithiclí a sholáthar d'oifigigh forfheidhmithe, arna iarraidh sin dóibh, lena n-áirítear fianaise lena bhfianaítear feidhmíocht an leantóra. Mura gcuirtear an fhianaise sin ar fáil, bheadh Ballstát i dteideal muirir a ghearradh ar bhonn aicme astaíochtaí na mótarfheithicle amháin.

(10) Chun a áirithiú go ndéanfar éagsúlú na muirear bóthair de réir astaíochtaí $CO_2$ a chur i bhfeidhm go comhleanúnach, is gá Treoir 1999/37/CE ón gComhairle[8] a leasú chun a cheangal, i gcás ina mbeidh sé ar fáil ar a ndeimhniú comhréireachta nó ar an

---

[5] Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59**, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/53/oj**).

[6] Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí nua tromshaothair agus ar ídiú breosla na bhfeithiclí sin (IO L 173, 9.7.2018, lch. 1**, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/956/oj**).

[7] Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta do mhótarfheithiclí agus dá leantóirí (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51**, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/45/oj**).

[8] Treoir 1999/37/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí (IO L 138, 1.6.1999, lch. 57**, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/45/oj**).

deimhniú ar cheadú feithicle aonair, go léireofar cóimheas éifeachtúlachta leantóirí ar a ndeimhniú clárúcháin. Tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil sonraí a bhaineann le héifeachtúlacht leantóirí ar fáil chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit, mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

~~(11) Ina theannta sin, is iomchuí Treoir 1999/62/CE a leasú chun struchtúr nua Rialachán (AE) 2019/1242 a léiriú, arna leasú le [cuir isteach tagairt a luaithe is eol í]. Is é is aidhm do na hathruithe is gá brí reatha na sainmhínithe ar fheithicil astaíochtaí nialasacha, ar fheithicil astaíochtaí ísle, ar astaíochtaí tagartha CO2 agus ar chonair laghdaithe astaíochtaí a chaomhnú, agus ba cheart an ceann deireanach sin a thabhairt cothrom le dáta chun a infheidhmeacht a chomhchuibhiú leis an Rialachán thuasluaite tar éis 2030. Leis na hathruithe sin, ba cheart a chaomhnú freisin an oibleagáid maidir le muirir bhonneagair agus úsáideora a éagsúlú agus an t-am óna mbeidh feidhm ag an oibleagáid sin. A mhéid a bhaineann le foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear cheana leis an Rialachán, ba cheart a shoiléiriú leis na hathruithe sin, go háirithe, go mbeidh feidhm ag an oibleagáid sin ón 13 Bealtaine 2023, is é sin dhá bhliain tar éis dháta foilsithe Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 ón gCoimisiún[10], lena sonraítear astaíochtaí tagartha $CO_2$ do na foghrúpaí feithiclí sin. Chun a áirithiú go nglacfar na hathruithe sin go tráthúil i ndáil le dáta theacht i bhfeidhm na leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1242, ba cheart spriocdháta bliana a bhunú chun iad a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta.~~

**(11) Is iomchuí forálacha áirithe de Threoir 1999/62/CE a shoiléiriú agus a shimpliú chun na leasuithe a rinneadh le Rialachán (AE) 2024/1610 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] ar Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a léiriú [12], chomh maith leis na leasuithe a rinneadh le Rialachán (AE) 2022/1379 ón gCoimisiún [13] ar Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún [14]. Baineann na hathruithe atá beartaithe leis na sainmhínithe ar**

[9] Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas, (IO L 91, 29.3.2019, lch. 45**, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/520/oj**).

~~[10] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2021 maidir le liosta a fhoilsiú lena léirítear luachanna astaíochtaí $CO_2$ áirithe in aghaidh an mhonaróra agus meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle nua tromshaothair a cláraíodh san Aontas agus astaíochtaí tagartha $CO_2$ de bhun Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh thréimhse tuairiscithe 2019 (IO L 167, 12.5.2021, lch. 47).~~

[11] Rialachán (AE) 2024/1610 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí nua tromshaothair a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 (IO L, 2024/1610, 6.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1610/oj).

[12] Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle, IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj).

[13] Rialachán (AE) 2022/1379 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2400 a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a chinneadh i gcás leoraithe meánmhéide agus leoraithe troma agus busanna troma agus chun feithiclí leictreacha agus teicneolaíochtaí nua eile a thabhairt isteach (IO L 212, 12.8.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1379/oj).

[14] Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a chinneadh i gcás feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint

**astaíochtaí $CO_2$, ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha, ar fheithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle, ar ghrúpa feithiclí, ar chonair laghdaithe astaíochtaí agus ar astaíochtaí tagartha $CO_2$, agus le hAirteagal 7ga agus Airteagal 8(3), agus caomhnaítear leo brí bunaidh na sainmhínithe sin.**

**(12)** **Leis an Treoir seo, ba cheart an pointe ama a shoiléiriú óna mbeidh feidhm ag an oibleagáid muirir bhóthair a éagsúlú de réir astaíochtaí $CO_2$ d'fhoghrúpa feithiclí. Dá bhrí sin, tagraítear inti d'fhoilsiú astaíochtaí tagartha $CO_2$ i ndáil le foghrúpa feithiclí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242. Leis an Treoir seo, ba cheart freisin am leordhóthanach cur chun feidhme a thabhairt d'údaráis náisiúnta agus do sholáthraithe seirbhíse dolaí chun na feithiclí a bhaineann leis na foghrúpaí feithiclí sin a aicmiú ina n-aicmí astaíochtaí $CO_2$. Soláthraítear tréimhse cur chun feidhme 6 mhí tar éis fhoilsiú na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$. A mhéid a bhaineann leis na foghrúpaí feithiclí a cumhdaíodh ar dtús leis an Rialachán sin, is ón 13 Bealtaine 2023 atá feidhm ag an oibleagáid muirir bhóthair a éagsúlú, is é sin ón am a bhí 2 bhliain caite ó foilsíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 ón gCoimisiún[15].**

**(13)** **Leis an Treoir seo, ba cheart an dáta a shoiléiriú óna mbeidh feidhm ag na coigeartuithe ar astaíochtaí tagartha $CO_2$ arna nglacadh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/1242. Is iomchuí tréimhse 6 mhí chun an t-athrú sin a chur chun feidhme. Ba cheart an dáta céanna a bheith i gceist i gcás gach Ballstáit chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le hoibreoirí iompair a bhfuil feithiclí comhchosúla acu ar ar an dáta céanna a cláraíodh iad, ach atá bunaithe i mBallstáit éagsúla. Thairis sin, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE).../... ón gCoimisiún lena gcoigeartaítear astaíochtaí tagartha $CO_2$ a léirítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 ón gCoimisiún agus lena sonraítear an mhodheolaíocht chun feithiclí ionadaíocha a shainiú [*cuir tagairt isteach nuair a bheidh sí ar eolas*], coigeartaíodh astaíochtaí tagartha $CO_2$ agus feidhm a bheith ag an méid sin ó thréimhse thuairiscithe 2025 ar aghaidh i gcás na bhfoghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH. Leis an leagan reatha den sainmhíniú ar chonair laghdaithe astaíochtaí foráiltear go mbeidh feidhm ag na luachanna coigeartaithe ón tréimhse thua tuairiscithe a thosaíonn tar éis dháta cur i bhfeidhm an ghnímh sin. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Iúil 2026 ar aghaidh. Chun nach rachaidh an tréimhse cur chun feidhme 6 mhí in éag go róluath tar éis ghlacadh na Treorach seo, rud a d'fhágfadh nár leor an tréimhse a bheadh ann i gcomhair cur chun feidhme, táthar ag coinneáil an dáta cur i bhfeidhm go sainráite, is é sin an 1 Iúil 2026.**

**(14)** **Leis an Treoir seo, maidir le brí an tsainmhínithe a thugtar ar chonair laghdaithe astaíochtaí i dTreoir 1999/62/CE arna leasú le Treoir (AE) 2022/362, ba cheart í a chaomhnú. Le Rialachán (AE) 2024/1610 leasaíodh Rialachán (AE) 2019/1242 trí sprioc maidir le astaíochtaí $CO_2$ a laghdú faoi 43 % do 2030.** Déanann an t-athrú

na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2400/oj).

[15] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2021 maidir le liosta a fhoilsiú lena léirítear luachanna astaíochtaí $CO_2$ áirithe in aghaidh an mhonaróra agus meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle nua tromshaothair a cláraíodh san Aontas agus astaíochtaí tagartha $CO_2$ de bhun Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh thréimhse tuairiscithe 2019 (IO L 167, 12.5.2021, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/781/oj).

sin difear do ghrádán na conaire laghdaithe astaíochtaí a shainítear i dTreoir 1999/62/CE maidir leis na blianta as sin go dtí 2030, 2030 san áireamh. Dá bhrí sin, tairseacha áirithe maidir le haicmí astaíochtaí $CO_2$ go dtí 2030, 2030 san áireamh, tá siad níos déine ná mar atá i ndáil le 2031 agus leis na blianta ina dhiaidh sin. An cruth atá ar an gconair laghdaithe astaíochtaí de bharr an mhéid sin, ní raibh sé beartaithe gurbh é sin an toradh a bheadh ar ghlacadh Rialachán (AE) 2024/1610. Dá bhrí sin, ba cheart an cruth a bhí ar an gconair laghdaithe astaíochtaí i dtús ama a athbhunú, trí sprioc 30 % maidir le laghdú astaíochtaí $CO_2$ i gcomhair 2030 a leagan síos i dTreoir 1999/62/CE. Go dtí go mbeidh feidhm ag an athrú sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí feithiclí áirithe a aicmiú in aicme astaíochtaí $CO_2$ ag a bhfuil conair laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ 43 % faoi 2030. Chun a áirithiú gur cóir chomhionann a thabharfar dóibh sin agus d'fheithiclí atá aicmithe in aicme astaíochtaí CO2 tar éis ghlacadh na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit na feithiclí sin a athaicmiú trí chonair laghdaithe astaíochtaí a úsáid atá bunaithe ar sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ 30 % faoi 2030, laistigh de 2 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

(15) Leis an Treoir seo, ba cheart a shoiléiriú conas feithiclí a bhfuil comhad faisnéise custaiméara ag gabháil leo agus a cláraíodh den chéad uair roimh thús na conaire laghdaithe astaíochtaí, cén chaoi na feithiclí sin a aicmiú in aicmí astaíochtaí $CO_2$. I gcás foghrúpaí feithiclí dar tréimhse thagartha 2021 nó 2025, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/1242, tá neamhréireacht ann idir an dáta a thosaíonn a gconairí laghdaithe astaíochtaí agus an sprioc-am do mhonaróirí maidir le comhad faisnéise custaiméara arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún a sholáthar i ndáil le feithiclí nua. Is é an dáta tosaigh atá ag conair laghdaithe astaíochtaí maidir le foghrúpa feithiclí, an chéad lá den tréimhse thagartha lena mbaineann an foghrúpa feithiclí sin, mar a leagtar amach i bpointe 3.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242. Leagtar amach in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an sprioc-am do mhonaróirí maidir leis an gcomhad faisnéise custaiméara a sholáthar i ndáil le foghrúpa feithiclí nua. I gcás na bhfoghrúpaí feithiclí sin, beidh an sprioc-am do mhonaróirí níos túisce ná dáta tosaigh na conaire laghdaithe astaíochtaí. Ní léirítear le Treoir 1999/62/CE conas feithiclí a cláraíodh den chéad uair roimh thús na conaire laghdaithe astaíochtaí a aicmiú in aicmí astaíochtaí $CO_2$. Ba cheart do na Ballstáit na feithiclí sin ar féidir leis an úinéir fianaisear a gcuid astaíochtaí $CO_2$ a sholáthar i gcomhad faisnéise custaiméara a aicmiú in aicme astaíochtaí $CO_2$. Is ionann tairseacha na n-aicmí astaíochtaí $CO_2$ roimh thús na conaire laghdaithe astaíochtaí agus tairseacha na chéad bhliana den chonair laghdaithe astaíochtaí.

(16) Leis an Treoir seo, ba cheart a shoiléiriú conas feithiclí oibre a aicmiú in aicmí astaíochtaí $CO_2$. Le Rialachán (AE) 2019/1242 déantar idirdhealú idir feithiclí oibre, amhail feithiclí a úsáidtear le haghaidh bailiú dramhaíola nó oibreacha tógála, agus cineálacha eile feithiclí trí fhoghrúpaí d'fheithiclí oibre a shainiú. Is iad na feithiclí sin is cúis le thart ar 2 % d'astaíochtaí na hearnála tromshaothair agus feidhmítear iad i gcathracha den chuid is mó. Tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2024/160, ní shainaithnítear gur feithiclí oibre atá sa chineál sin feithiclí ach amháin tar éis a gcéad chlárúcháin. Dá bhrí sin, ní sholáthraítear faisnéis maidir le feithicil a bheith ina feithicil oibre i gcomhad faisnéise custaiméara feithicle nua. Dá bhrí sin, ní féidir feithiclí oibre a aithint mar fheithiclí a bhaineann le foghrúpa oibre nuair a aicmítear iad in aicme astaíochtaí $CO_2$. Ar chúiseanna

oibiachtúla agus praiticiúla, ba cheart caitheamh le feithiclí oibre amhail agus gur feithiclí iad a bhaineann leis an bhfoghrúpa comhfhreagrach feithiclí nach feithiclí oibre iad chun críocha Threoir 1999/62/CE.

(17) Leis an Treoir seo, ba cheart a shoiléiriú conas feithiclí astaíochtaí nialasacha iarfheistithe a aicmiú in aicmí astaíochtaí $CO_2$. Le Rialachán (AE) 2019/1242 leagtar síos spriocanna do mhonaróirí maidir le laghdú astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí nua tromshaothair. Faoin rialachán sin, baineann monaróirí an-tairbhe as feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur ar an margadh. Le Treoir 1999/62/CE, dreasaítear an t-éileamh ar na feithiclí sin trí mhuirir laghdaithe a dheonú i gcomhréir le haicme 5 d'astaíochtaí $CO_2$. Míbhuntáiste atá ann cheana maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha is ea go bhfuil raon oibríochtúil níos ísle acu ná mar atá ag gnáthfheithiclí. Chun raon oibríochtúil na feithicle a mhéadú, is féidir feithiclí astaíochtaí nialasacha a iarfheistiú trí ghineadóir breosla a chur in ionad pacáiste ceallraí chun raon oibríochtúil na feithicle a mhéadú . Dá bhrí sin, déantar feithiclí hibrideacha d'fheithiclí arna n-iarfheistiú ar an gcaoi sin. Faoi Threoir 1999/62/CE, aicmítear feithiclí in aicmí astaíochtaí $CO_2$ de réir na doiciméadachta feithicle a tháirgeann monaróirí sula gcláraítear an fheithicil den chéad uair. Fágann sé sin, faoin gcreat reachtach atá ann faoi láthair, go leanfadh feithiclí arna n-iarfheistiú ar an gcaoi sin ag tairbhiú de mhuirir laghdaithe i gcomhréir le haicme 5 d'astaíochtaí $CO_2$ cé go n-úsáideann siad gineadóir breosla. Mar sin féin, déanann an chóireáil sin an margadh iompair lasta de bhóthar a shaobhadh ar bhealach a chuireann isteach ar na hoibreoirí a úsáideann feithiclí astaíochtaí nialasacha nár iarfheistíodh, agus ní chuirtear san áireamh léi na laghduithe iarbhír ar astaíochtaí thar shaolré na bhfeithiclí chun críocha Rialachán (AE) 2019/1242. Chun a áirithiú go bhfuil aicmí astaíochtaí $CO_2$ gach feithicle bunaithe ar thorthaí na huirlise ionsamhlúcháin VECTO, feithiclí astaíochtaí nialasacha arna n-iarfheistiú ionas go bhfuil inneall faoi thiomáint breosla acu, ba cheart, dá bhrí sin, caitheamh leo faoi Threoir 1999/62/CE amhail agus go mbaineann siad le haicme 1 d'astaíochtaí $CO_2$.

(18) Leis an Treoir seo, ba cheart a shoiléiriú conas feithiclí débhreosla a aicmiú in aicmí astaíochtaí $CO_2$. Le hAirteagal 24(2), pointe (g), de Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún, cuirtear d'oibleagáid ar mhonaróirí comhad faisnéise custaiméara a eisiúint maidir le feithiclí débhreosla ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Mar sin féin, cláraíodh feithiclí débhreosla áirithe roimh an dáta sin gan comhad faisnéise custaiméara. I gcás feithiclí a cláraíodh den chéad uair roimh an dáta sin, ní féidir rochtain a fháil ar rátaí dola níos fabhraí, agus d'fhéadfadh na feithiclí sin a bheith thíos le míbhuntáiste iomaíoch le hais feithiclí comhchosúla a cláraíodh níos déanaí. I gcás feithicil atá cláraithe cheana, is féidir le monaróirí astaíochtaí $CO_2$ na feithicle a chinneadh trí chineál nua ionsamhlúcháin a dhéanamh ina gcuirtear san áireamh na ceanglais is déanaí de chuid Rialachán (AE) 2017/2400. Ba cheart do na Ballstáit glacadh le toradh na n-ionsamhlúchán sin mar chruthúnas ar astaíochtaí $CO_2$ na feithicle. Ba cheart don Choimisiún cosc a chur ar úsáid torthaí ionsamhlúcháin neamhdhlisteanacha trí mhaoirseacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann monaróirí as an rogha sin. Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróir a chinn an rogha sin a úsáid fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith. Níor cheart do na Ballstáit glacadh leis an doiciméad sin ach amháin má fhaightear é go díreach ó mhonaróir, gur i bhformáid dhigiteach a bheidh sé, toisc nach bhfuil baol calaoise chomh mór

**céanna ann i gcás na formáide sin agus atá i gcásanna eile, agus go mbeidh Cinneadh deimhneach ón gCoimisiún dírithe ar an monaróir sin.**

**(19)** **Leis an Treoir seo, ba cheart forálacha áirithe atá imithe i léig a scriosadh. Le Treoir 1999/62/CE déantar foráil maidir le raon feidhme na Treorach sin a leathnú chun go gcuirfí san áireamh foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/2400 ach nach gcumhdaítear go fóill le Rialachán (AE) 2019/1242. Is iad na forálacha ábhartha de Threoir 1999/62/CE Airteagal 2(1), pointe 30(b); Airteagal 2(1), pointe 38(b); Airteagal 7ga(1), an tríú fomhír, agus Airteagal 7ga(7). Le Rialachán (AE) 2024/1610, leathnaíodh raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242 chun go mbeadh sé ag teacht le raon feidhme Rialachán (AE) 2017/2400. Dá bhrí sin, tá na forálacha ábhartha de Threoir 1999/62/CE imithe i léig agus ba cheart iad a scriosadh chun téacs na Treorach sin a shimpliú.**

(~~12~~**20**) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 1999/62/CE, Treoir 1999/37/CE agus Treoir (AE) 2019/520 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 1999/62/CE**

Leasaítear Treoir 1999/62/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2(1) mar a leanas:

**(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 28:**

**'(28) Ciallaíonn 'astaíochtaí $CO_2$' feithicle tromshaothair a hastaíochtaí sonracha $CO_2$ ($gCO_2$/t-km) a sholáthraítear i bpointe 2.6.1 dá comhad faisnéise custaiméara más feithicil earraí troma í, nó a hastaíochtaí sonracha $CO_2$ ($gCO_2$/p-km) a sholáthraítear i bpointe 2.6.4 dá comhad faisnéise custaiméara más cóiste nó bus é, mar a shainmhínítear i gCuid II d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún (*);'**

---

*** Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla a chinneadh i gcás feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2400/oj).;**

(~~a~~**b**) i bpointe 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) mótarfheithicil tromshaothair dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe 11, fophointí (a) ~~agus~~ **nó** (b), de Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**); nó'

---

**** Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón**

**gComhairle, IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj).;**

(~~b~~**c**) ~~I bpointe 30, pointe (b)~~ cuirtear an méid seo a leanas in ionad **phointe 30**:

**'(30) ciallaíonn 'feithicil tromshaothair astaíochtaí ísle' feithicil tromshaothair astaíochtaí ísle mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 12 de Rialachán (AE) 2019/1242;';**

~~'(b) feithicil tromshaothair ó ghrúpa feithiclí nach gcumhdaítear le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 7ga(7), a bhfuil astaíochtaí $CO_2$ níos ísle ná 50 % d'astaíochtaí tagartha $CO_2$ a grúpa feithiclí aici, nach feithicil astaíochtaí nialasacha í;';~~

**(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 35:**

**'(35) ciallaíonn 'grúpa feithiclí' grúpa feithiclí mar a shainmhínítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/2400;';**

(~~c~~**e**) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 37:

**'(37) ciallaíonn 'conair laghdaithe astaíochtaí' fho-ghrúpa feithiclí (sg) conair laghdaithe astaíochtaí le haghaidh feithiclí earraí troma ($ET_{sg,Y}$) nó le haghaidh busanna agus cóistí ($ETp_{sg,Y}$), arna cinneadh i gcomhréir le pointe 5.1.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 agus arna coigeartú mar a leanas:**

**(a) le haghaidh na mblianta Y ≤ 2030, an sprioc laghdaithe $CO_2$ le haghaidh 2030 ($rf_{sg,Y}$ nó $rfp_{sg,Y}$, inarb é Y=2030) 30 %; agus**

**(b) le haghaidh na mblianta Y > 2030, is 0,7 an spriocfhachtóir ($RET_{sg,Y}$ nó $RETp_{sg,Y}$);';**

~~'(37) ciallaíonn 'conair laghdaithe astaíochtaí', i gcás foghrúpa feithiclí (sg) agus thréimhse tuairiscithe na bliana (Y), is é sin ETsg,Y, táirge an fhachtóra um laghdú astaíochtaí bliantúla $CO_2$ (RETsg,Y) arna iolrú faoi astaíochtaí tagartha $CO_2$ (rCO2sg) an fhoghrúpa (sg), is é sin ETsg,Y = RETsg,Y x rCO2sg; Cinntear RETsg,Y i gcomhréir le pointe 5.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242;';~~

(~~d~~**f**) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 38:

**'(38) ciallaíonn 'astaíochtaí tagartha $CO_2$' astaíochtaí tagartha $CO_2$ mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/1242;**

~~'(38) ciallaíonn 'astaíochtaí tagartha $CO_2$':~~

~~(a) i gcás foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1242, an méid a ríomhtar i gcomhréir leis an bhfoirmle i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;~~

~~(b) i gcás grúpa feithiclí a chumhdaítear le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 7ga(7), na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ a shonraítear ann, a chomhfhreagraíonn do mheánluach na n-astaíochtaí $CO_2$ uile ó fheithiclí sa ghrúpa feithiclí sin, arna dtuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ( 6 ) don chéad tréimhse tuairiscithe, a thosóidh tar éis an dáta a mbeidh toirmeasc, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2017/2400, ar fheithiclí sa ghrúpa feithiclí sin~~

~~a chlárú, a dhíol nó a chur i seirbhís, ar feithiclí iad nach gcomhlíonann na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2400;';~~

(~~e~~**g**) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(42) ciallaíonn 'leantóir' leantóir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 17 de Rialachán (AE) 2018/858 agus a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún **(*****)**;

(43) ciallaíonn 'leathleantóir' leantóir a chomhlíonann an sainmhíniú ar leathleantóir in Airteagal 3, pointe 33 de Rialachán (AE) 2018/858 agus a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún.'

---

*** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí $CO_2$, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L 205, 5.8.2022, lch. 145, **ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1362/oj**)';

(2) leasaítear Airteagal 7ga mar a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara, an tríú agus an cheathrú fomhír:

'Cuirfidh na Ballstáit an t-éagsúlú sin i bhfeidhm ar na foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1242 **6 mhí ar a dhéanaí tar éis fhoilsiú** ~~ar bhonn~~ na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$ **maidir leis na foghrúpaí feithiclí sin, arna nglacadh**~~arna bhfoilsiú~~ i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Rialachán sin. Mar sin féin, i gcás na bhfoghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH, cuirfidh na Ballstáit an t-éagsúlú sin i bhfeidhm an 13 Bealtaine 2023 ar a dhéanaí.

**Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm** ~~I gcás ina ndéantar~~ astaíochtaí tagartha $CO_2$ **arna gcoigeartú**~~a choigeartú~~ de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/1242 **ón gcéad lá den séú mí tar éis a bhfoilsithe. Mar sin féin, i gcás na bhfoghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH, cuirfidh na Ballstáit na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ sin, arna gcoigeartú de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE).../... ón gCoimisiún, i bhfeidhm. [*cuir isteach tagairt an tagairt nuair a bheidh sí ar eolas*], cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm iad ón 1 Iúil 2026 ar aghaidh.**~~, beidh feidhm ag na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ sin ó thús na chéad tréimhse tuairiscithe eile ar aghaidh~~

~~De mhaolú ar an dara fomhír, i gcás aicmí astaíochtaí $CO_2$ 1, 4 agus 5, dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag an éagsúlú sin maidir le grúpaí feithiclí a chumhdaítear le gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun mhír 7 dhá bhliain ar a dhéanaí tar éis ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme sin. Beidh an t-éagsúlú bunaithe ar na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ a shonraítear ann agus beidh feidhm aige go dtí go bhfoilseofar astaíochtaí tagartha $CO_2$ do na foghrúpaí feithiclí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242. Ó foilsíodh na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242, cuirfidh na Ballstáit na hastaíochtaí tagartha $CO_2$ sin i bhfeidhm in ionad na~~

~~n-astaíochtaí a shonraítear de bhun mhír 7 agus cuirfear an t-éagsúlú le haghaidh na bhfoghrúpaí feithiclí lena mbaineann i bhfeidhm maidir le gach aicme astaíochtaí.~~’;

**(b)** **i mír 2, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:**

**Na feithiclí a aicmíodh in aicme 2 nó 3 d’astaíochtaí $CO_2$ a bhfuil conair laghdaithe astaíochtaí bunaithe ar sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh 2030 de 43 %, déanfaidh na Ballstáit iad a ath-aicmiú trí úsáid a bhaint as conair laghdaithe astaíochtaí bunaithe ar sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh 2030 de 30 % faoin [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo + dhá mhí] ar a dhéanaí.**

**Measfaidh na Ballstáit maidir leis na feithiclí uile ar féidir leis an úsáideoir bóithre fianaise maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a sholáthar ina leith i gcomhad faisnéise custaiméara arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2400, go bhfuil na feithiclí sin incháilithe d'aicmiú in aicme astaíochtaí $CO_2$. Má bhíonn dáta chéadchlárúcháin feithicle roimh thús chonair laghdaithe astaíochtaí an fhoghrúpa feithiclí lena mbaineann an fheithicil, beidh feidhm ag luachanna na chéad bhliana den chonair laghdaithe astaíochtaí don fhoghrúpa sin.**

**Caithfidh na Ballstáit le feithiclí oibre, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 9, de Rialachán (AE) 2019/1242, mar fheithiclí a bhaineann leis an bhfoghrúpa feithiclí neamhsheirbhíse comhfhreagrach.**

**Ní chuirfidh na Ballstáit muirir laghdaithe i bhfeidhm i gcomhréir le haicme 5 d’astaíochtaí $CO_2$ ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha a iarfheistíodh le hinneall faoi thiomáint breosla a ghineann fuinneamh leictreach nó a chuireann le tiomáint na feithicle. Ina ionad sin, cuirfidh na Ballstáit na muirir i bhfeidhm i gcomhréir le haicme 1 d’astaíochtaí $CO_2$.**

**Féadfaidh monaróirí feithiclí an uirlis ionsamhlúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2017/2400 a úsáid chun astaíochtaí $CO_2$ feithicle débhreosla a chinneadh, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 21, de Rialachán (AE) 2017/2400, tar éis a dáta táirgthe, i gcás ina mbeidh dáta táirgthe na feithicle sin roimh an 1 Eanáir 2024. Monaróir a bhfuil sé beartaithe aige an fhéidearthacht sin a úsáid, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún go bhfuil sé beartaithe aige é sin a dhéanamh agus cinnfidh an Coimisiún cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh an monaróir sin an uirlis ionsamhlúcháin a úsáid chun na críche a leagtar amach sa mhír seo. Le haghaidh aicmiú feithicle in aicme astaíochtaí $CO_2$, glacfaidh na Ballstáit leis an ionsamhlúchán arna táirgeadh ag monaróirí mar fhianaise astaíochtaí $CO_2$ na feithicle, ar choinníoll go sheolann monaróir torthaí an ionsamhlúcháin go díreach agus i bhfoirm dhigiteach in éineacht leis an gCinneadh ón gCoimisiún atá dírithe ar an monaróir sin.’;**

(~~b~~**c**) **scriostar mír 7.** ~~I mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:~~

~~‘Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun astaíochtaí tagartha $CO_2$ a shonrú do ghrúpaí feithiclí seachas foghrúpaí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH.’.~~

(3) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'*Airteagal 7gc*

1. Go dtí an 30 Meitheamh 2030, féadfaidh na Ballstáit éifeacht leantóirí ar astaíochtaí $CO_2$ a chónaisc le mótarfheithicil a chur san áireamh agus Airteagal 7ga á chur i bhfeidhm acu. Ón 1 Iúil 2030 ar aghaidh, cuirfidh siad an éifeacht sin san áireamh.

I gcás ina gcuirfidh Ballstát an chéad fhomhír i bhfeidhm, déanfaidh aicme leantóra an leantóra tarraingthe difear d'aicme astaíochtaí $CO_2$ an chónaisc feithicle dá dtagraítear in Airteagal 7ga (2) i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII.

2. I gcás ina gcuirfidh Ballstát an chéad mhír i bhfeidhm agus, i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (a), ina bhforchuirfidh sé muirir shonracha ar chónaisc feithiclí a imíonn ó na meáchain agus/nó toisí uasta a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/53/CE ón gComhairle*, i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Treoir sin, féadfaidh sé laghdú ar mhuirir bhóthair a chur i bhfeidhm ar na cónaisc feithiclí sin a úsáideann leantóir amháin ar a laghad dá sanntar aicme leantóra i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Treoir seo.

Féadfaidh méid an laghdaithe ar an muirear bóthair comhfhreagairt don laghdú a dheonaítear do chónaisc feithiclí nach n-imíonn ó na meáchain agus/nó toisí uasta.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9d chun Iarscríbhinn VIII a leasú chun na tairseacha cóimheasa éifeachtúlachta a leagtar síos inti a chinneadh, nó chun iad a choigeartú chun an dul chun cinn teicniúil a léiriú. Beidh a gcéad chinneadh bunaithe ar mheánéifeachtúlacht an fhlít leantóirí nuair a fhoilseofar astaíochtaí tagartha $CO_2$ do na feithiclí sin, agus ar an acmhainneacht atá ag leantóirí feabhsuithe éifeachtúlachta a ghiniúint, agus an acmhainneacht éagsúil idir leathleantóirí agus leantóirí eile á chur san áireamh.

Maidir le haicmí leantóra 1 agus 2 mar a shainaithnítear iad sa tábla in Iarscríbhinn VIII, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena gcinnfear na tairseacha cóimheasa éifeachtúlachta bliain amháin ar a dhéanaí tar éis fhoilsiú na n-astaíochtaí tagartha $CO_2$ le haghaidh leantóirí i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242.

Aicme ~~Maidir le haicme~~**leantóra** 3**,** mar a shainaithnítear í sa tábla in Iarscríbhinn VIII, **tá feidhm aici maidir le leantóirí astaíochtaí nialasacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 11, fophointe (c), de Rialachán (AE) 2019/1242 agus a chomhlíonann an tairseach cóimheasa éifeachtúlachta i ndáil le haicme leantóra 3.** ~~aicme leantóra is infheidhme maidir le leantóirí atá feistithe le gaireas a thacaíonn go gníomhach lena dtiomáint agus nach bhfuil inneall dócháin inmheánaigh aige nó a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh a astaíonn níos lú ná 5 g CO2/kWh aige, g~~**G**lacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena gcinnfear na tairseacha cóimheasa éifeachtúlachta tar éis luachanna atá deimhnithe go dlíthiúil do na leantóirí sin a bheith curtha ar fáil.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9d chun Iarscríbhinn VIII a leasú chun modheolaíocht a leagan síos chun aicmiú leantóirí ar aicme leantóra a chinneadh, ar leantóirí iad a iarfheistítear le trealamh lena bhfeabhsaítear a n-éifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe na leantóirí sin a cláraíodh, a díoladh nó a cuireadh i seirbhís roimh dháta chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362.

4. Chun an trealamh dá dtagraítear i mír 3, an ceathrú fomhír, a thaifeadadh, bainfidh na Ballstáit úsáid as mír 10 (faisnéis eile) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/45/AE**.

---

* Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59)

Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta do mhótarfheithiclí agus dá leantóirí (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51)';

(4) In Airteagal 7j (2a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I gcás nach mbeidh tiománaí nó, i gcás inarb infheidhme, an t-oibreoir iompair nó soláthraí Sheirbhís Dola Leictreonaigh na hEorpa, in ann fianaise a sholáthar maidir le haicme astaíochtaí na feithicle chun críocha Airteagal 7g(2), Airteagal 7ga agus Airteagal 7gb, féadfaidh na Ballstáit dolaí nó muirir úsáideora a ghearradh suas go dtí an leibhéal inmhuirearaithe is airde. I gcás nach mbeidh tiománaí nó, i gcás inarb infheidhme, an t-oibreoir iompair nó soláthraí Sheirbhís Dola Leictreonaigh na hEorpa, in ann fianaise a sholáthar maidir le haicme astaíochtaí an chónaisc feithiclí chun críocha Airteagal 7gc, féadfaidh na Ballstáit dolaí nó muirir úsáideora a ghearradh ar bhonn aicme astaíochtaí na mótarfheithicle.';

**(5) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:**

**'3. I gcás comhchóras maidir le muirir úsáideora dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, is é an 25 Márta 2025 dáta deiridh chur i bhfeidhm na n-athruithe dá dtagraítear in Airteagal 7ga(1) le haghaidh foghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH.';**

(~~5~~6) In Airteagal 9d, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9e chun an Treoir seo a leasú i ndáil le hIarscríbhinn 0, na foirmlí i bpointí 4.1 agus 4.2 d'Iarscríbhinn IIIa, na méideanna a léirítear sna táblaí in Iarscríbhinní IIIb agus IIIc chun iad a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, agus na tairseacha cóimheasa éifeachtúlachta a léirítear sa tábla in Iarscríbhinn VIII chun iad a chinneadh nó chun iad a choigeartú chun an dul chun cinn teicniúil a léiriú.';

(~~6~~7) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe c:

'(c) an t-éagsúlú ar mhuirir bhonneagair nó ar mhuirir úsáideora i gcomhréir le feidhmíocht chomhshaoil feithiclí, de bhun Airteagal 7g, 7ga, 7gb nó 7gc;';

(~~7~~8) déantar an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo a chur léi mar Iarscríbhinn VIII.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Threoir (AE) 2019/520**

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/520, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid I:

**'Cuid I. Sonraí a bhaineann le feithiclí**

| Ítim | É/R[1] | Nótaí |
|---|---|---|
| Uimhir chlárúcháin | É | |
| Uimhir fonnaidh/Uimhir aitheantais feithicle (VIN) | É | |
| Ballstát an chlárúcháin | É | |
| Branda | É | (D.1[2]) e.g. Ford, Opel, Renault |
| Cineál tráchtála na feithicle | É | (D.3) e.g. Focus, Astra, Megane |
| Cód Catagóire AE | É | (J) e.g. móipéidí, gluaisrothair, gluaisteáin |
| Aicme astaíochtaí Euro | É | e.g. Euro 4, Euro 6 |
| Aicme astaíochtaí $CO_2$ | R | is infheidhme maidir le feithiclí tromshaothair |
| Dáta athaicmithe | R | is infheidhme maidir le feithiclí tromshaothair |
| $CO_2$ in g/tkm | R | is infheidhme maidir le feithiclí tromshaothair |
| Toirtdírithe: is ea/ní hea | R | is infheidhme maidir le leantóirí |
| Cóimheas éifeachtúlachta — bunaithe ar thona-ciliméadar (−)... | R | is infheidhme maidir le leantóirí |
| Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar m³- chiliméadair (-)... | R | is infheidhme maidir le leantóirí |
| An uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil don fheithicil | É | |
| (1)<br>É = éigeantach má tá sé ar fáil sa chlár náisiúnta, R = roghnach.<br>(2)<br>Cód comhchuibhithe an Aontais, féach Treoir 1999/37/CE. | | |

’.

*Airteagal 3*

**Leasú ar Threoir 1999/37/CE**

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 1999/37/CE, i bpointe (V) astaíochtaí sceite, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(V.11) Cóimheas éifeachtúlachta:

– Maidir le leantóirí neamh-thoirtdírithe, cóimheas éifeachtúlachta – tonna-chiliméadar i gcás ina léirítear sin in áit 49.11.2 den deimhniú comhréireachta a shainmhínítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún* nó in áit 49.11.2 den deimhniú ar

cheadú feithicle aonair a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

– Maidir le leantóirí toirtdírithe, cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar $m^3$-chiliméadar i gcás ina léirítear sin in áit 49.11.3 den deimhniú comhréireachta a shainmhínítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún nó in áit 49.11.3 den deimhniú ar cheadú feithicle aonair a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

Léirítear an toirtdíriú in áit 49.10 den deimhniú comhréireachta i leith leantóirí tromshaothair a shainmhínítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún nó in áit 49.10 den deimhniú ar cheadú feithicle aonair a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin,

(V.12) Aicme leantóra a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 7gc de Threoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

___________________

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais riaracháin maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1**, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/683/oj**)'.

*Airteagal 4*

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoi [bliain amháin ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 6*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*